

# Leabhar na mBREITHIÚNA

## An Chéad Réamhrá

**1** Tar éis bháis do Iósua chuaigh clann Iosrael i gcomhairle leis an Tiarna, á fhiafraí: “Cé acu againn is túisce a rachaidh in aghaidh na gCanánach le hionsaí a dhéanamh orthu?” <sup>2</sup>D’fhreagair an Tiarna: “Bíodh Iúdá ar an gcéad duine a rachaidh suas; féach tá an tír tugtha ar lámh agam dó.” <sup>3</sup>Ansin dúirt Iúdá lena dheartháir Simeon: “Téanam liomsa isteach sa dúiche a dáileadh orm, d’fhonn go gcuirfimis cath ar na Canánaigh; rachaidh mise ansin in éineacht leatsa isteach sa dúiche a dáileadh ortsa.” Mhairseáil Simeon in éineacht leis dá bhrí sin. <sup>4</sup>Ghabh Iúdá suas mar sin agus thug an Tiarna na Canánaigh agus na Pirizigh ar lámh dóibh; chuireadar an ruaig ar dheich míle fear ag Beizic. <sup>5</sup>Tharla siad ar Adónaí Beizic i mBeizic; chuireadar cath air agus bhriseadar ar na Canánaigh agus ar na Pirizigh. <sup>6</sup>Theith Adónaí Beizic, ach chuadar sa tóir air, rugadar air agus bhaineadar ordóga a lámh agus a chos de. <sup>7</sup>Ansin dúirt Adónaí Beizic: “Deichniúr rí agus trí fichid, agus ordóga lámh agus a gcós gearrtha díobh, bhídís faoi mo bhord ag bailiú bruscair an bhia; chúitigh Dia liomsa de réir mar a rinne mé le daoine eile.” Tugadh go Iarúsailéim é, agus fuair sé bás ansiúd. (<sup>8</sup>Thug clann Iúdá faoi Iarúsailéim agus ghabhadar é. Chuir siad muintir na cathrach chun báis agus an chathair trí thine.)



<sup>9</sup>Ina dhiaidh sin ghabh clann Iúdá síos chun catha a chur ar na Canánaigh a bhí ag cur fúthu sna hardáin, sa Neigib agus sna hísleáin. <sup>10</sup>Agus d'ionsaigh Iúdá na Canánaigh a bhí ag cur fúthu i Heabrón – Ciriát Arba a ba ainm do Heabrón anallód – agus chloíodar Séisí agus Aichímeán agus Talmai. <sup>11</sup>Ghabhadar as sin ar aghaidh i gcoinne mhuintir Dheibír – Ciriát Seifir a thugtaí ar Dheibír roimhe sin. <sup>12</sup>Dúirt Cálaeb: “An té a dhéanfaidh Ciriát Seifir a ionsaí agus a ghabháil, tabharfaidh mé Acsá m’íníon mar bhean dó.” <sup>13</sup>Agus ba é Oitníéil mac Canoz, deartháir a ba óige ná Iósua, a ghabh é agus thug sé dó Acsá a iníon mar bhean. <sup>14</sup>Nuair a tháinig sí chuige, thathain [sé uirthi] gort a lorg ar a hathair. Phreab sí anuas dá hasal agus d’fhiafraigh Cálaeb di: “Cad tá uait?” <sup>15</sup>“Tabhair aisce dom; os rud é gur dhíbir tú mé go dúiche an Neigib, tabhair dom toibreacha éigin uisce freisin,” ar sí leis. Agus thug Cálaeb di na toibreacha uachtaracha agus na toibreacha íochtaracha.

<sup>16</sup>Ghabh clann Hobab an Céineach, athair céile Mhaois, suas le clann Iúdá ó chathair na bPailmeacha go fásach Iúdá sa Neigib i gcóngar Arád, ach d’imíodar agus chuireadar fúthu leis [na hAmailéicigh]. <sup>17</sup>Chuir Iúdá chun bealaigh ansin lena dheartháir Simeon agus bhriseadar ar na Canánaigh a bhí ag cur fúthu i Zafat agus chuireadar an áit faoin mband; uime sin a tugadh Hormá ar an gcathair. <sup>18</sup>[Níor] ghabh Iúdá Gazá lena thailte, ná Aiscileon lena thailte, ná Eacrón lena thailte. <sup>19</sup>Bhí an Tiarna le Iúdá agus ghabh sé na hardáin ach theip air an mhuintir a bhí ag cur fúthu sa mhachaire a chloí mar bhí carbaid iarainn acu. <sup>20</sup>Tugadh Heabrón do Chálaeb de réir mar a dúirt Maois mar gur dhíbir sé triúr mac Anác as. <sup>21</sup>Ach theip ar chlann Bhiniáimin na Iabúsaigh a bhí ina gcónaí i



Iarúsailéim a dhíbirt; tá na Iabúsaigh mar sin ina gcónaí le clann Bhiniáimin go dtí an lá inniu in Iarúsailéim.

<sup>22</sup>Ghabh teaghlach Iósaef suas mar an gcéanna i gcoinne Bhéitéil, agus bhí an Tiarna leo. <sup>23</sup>Rinne teaghlach Iósaef Béitéil a thaiscéaladh – Lúz a thugtaí ar an gcathair roimhe sin. <sup>24</sup>Chonaic an lucht taiscéalta fear ag teacht amach ón gcathair. “Má thaispeánann tú an tslí isteach sa chathair dúinn,” ar siad leis, “déanfaimid anacal anama ort.” <sup>25</sup>Agus thaispeáin sé an tslí isteach sa chathair dóibh agus d’imríodar faobhar claímh ar mhuintir na cathrach, ach ligeadar don fhear agus dá chlann go léir imeacht. <sup>26</sup>D’imigh an fear úd leis go críocha na Hiteach agus bhunaigh sé cathair ar ar thug sé Lúz; sin é is ainm di go dtí an lá inniu.

<sup>27</sup>Níor dhíbir Manaise lucht Bhéit Seán lena shráidbhailte, ná lucht Thánác lena shráidbhailte, na lucht Dhór lena shráidbhailte, ná lucht Ibleam lena shráidbhailte, na lucht Mhigideo lena shráidbhailte, ach sheas na Canánaigh an fód sna líomatáistí sin. <sup>28</sup>Nuair a chuaigh na hIosraelaigh i dtreise, chuireadar cuing na daoirse ar na Canánaigh, ach níor chuireadar an ruaig orthu. <sup>29</sup>Ná níor dhíbir Eafráim na Canánaigh a bhí ag cur fúthu i nGeizir, ach mhair na Canánaigh i nGeizir ina measc. <sup>30</sup>Ná níor dhíbir Zabúlun lucht Chitreon ná lucht Nahalol. D’fhan na Canánaigh i measc Zabúlun, ach cuireadh faoi chuing na daoirse iad. <sup>31</sup>Níor dhíbir Áiséar lucht Acó amach, ná lucht Shíodón, ná lucht Achláb, ná lucht Aiczíb, ná lucht Aifíc, ná lucht Rachob. <sup>32</sup>Mhair na hÁiséaraigh i measc na gCanánach, a bhí ag cur fúthu sa dúiche mar nár dhíbir siad iad. <sup>33</sup>Ná níor dhíbir Naftáilí lucht Bhéit Seimis agus lucht Bhéit Anát, ach chuireadar fúthu i measc na gCanánach a bhí ina gcónaí sa dúiche; ach b’éigean do lucht Bhéit Seimis agus Bhéit



Anát dul faoi chuing na daoirse dóibh. <sup>34</sup>Thiomáin na hAmóraigh clann Dhán ar gcúl chun na n-ardán agus ní ligfidís dóibh teacht anuas ar na hísleáin. <sup>35</sup>Sheas na hAmóraigh an fód ag Har Heireas agus ag Aiálón agus ag Sealbaím. Ach nuair a luigh lámh theaghlach Íosaef go trom orthu, cuireadh faoi chuing a ndaoirse iad. <sup>36</sup>Gabhann críocha na [nEadómach] ó Ard Acraibím go dtí an Charraig agus as sin suas.

**2**Ghabh aingeal an Tiarna suas ó Ghilgeál go Bocaím, agus dúirt: “Thug mé aníos ón Éigipt thú agus sheol mé isteach sa tír seo thú a mhionnaigh mé a thabharfainn do bhur n-aithreacha. Dúirt mé: ‘Ní bhrisfidh mé mo chonradh libh go brách. <sup>2</sup>Agus ó bhur thaobhsa de, ná déanaigí aon chonradh le muintir na tíre seo; scríosaigí a n-altoirí.’ Ach níor ghéill sibh do m’orduithe. Cad é seo a rinne sibh? <sup>3</sup>Deirim anois dá bhrí sin, ní thiomáinfidh mé amach romhaibh iad. Beidh siad agaibh mar ghéarleanúinteoirí, agus beidh a ndéithe mar ghaiste daoibh.” <sup>4</sup>Nuair a labhair aingeal an Tiarna mar sin le clann Iosrael go léir chrom an pobal go léir ar osna agus ar olagón. <sup>5</sup>Thugadar Bocaím (Lucht Olagóin) ar an áit sin agus rinneadar íobairtí don Tiarna ansiúd.

## An Dara Réamhrá

<sup>6</sup>Ansin scaoil Íosua leis an bpobal agus d’imigh clann Iosrael leo, gach duine díobh go dtí a oidhreacht féin, chun seilbh a ghabháil ar an talamh. <sup>7</sup>Rinne an pobal seirbhís don Tiarna i gcaitheamh saol Íosua go léir agus i gcaitheamh saol na seanóirí go léir a mhair i ndiaidh Íosua a chonaic na héachtaí go léir a rinne an Tiarna ar mhaithe le hIosrael.



<sup>8</sup>D' éag Iósua mac Nún, seirbhíseach an Tiarna, agus é céad agus a deich mbliana d' aois. <sup>9</sup>Rinneadar é a adhlacadh san fhearann oidhreachta a fuair sé i dTimneat Heireas in ardáin Eafraím, lastuaidh de Shliabh Gháis. <sup>10</sup>Nuair a bailíodh an ghlúin sin go léir chun a n-aithreacha, tháinig glúin eile ina ndiaidh nárbh aithnid dóibh an Tiarna ná na héachtaí a rinne sé d' Iosrael.

<sup>11</sup>Rinne clann Iosrael an t-olc i bhfianaise an Tiarna go ndearnadar fónamh do na Bálaím. <sup>12</sup>Thréigeadar an Tiarna, Dia a sinsear, a threoraigh amach as tír na hÉigipte iad, agus leanadar déithe eile, déithe de chuid na gciníocha ina dtimpeall. D' adhradar na déithe sin agus ghrigeadar an Tiarna chun feirge. <sup>13</sup>De bhrí gur thréigeadar an Tiarna agus go ndearnadar fónamh do Bhál agus do na hAisteárót, <sup>14</sup>bhladhm fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael; thug sé suas do lucht creiche iad agus rinne siadsan iad a chreachadh. Rinne sé iad a reic lena naimhde ina dtimpeall, agus níorbh fhéidir leo an fód a sheasamh ina n-aghaidh. <sup>15</sup>Cibé uair a ghluaisidís chun catha bhíodh an Tiarna ina n-aghaidh á gcliheadh de réir mar a bhí geallta aige dóibh agus de réir mar a mhionnaigh sé dóibh, ionas go rabhadar faoi shrathair na hainnise.

<sup>16</sup>Mar sin féin, chuir an Tiarna breithiúna i réim dóibh a shaor iad ó lucht a gcreachta. <sup>17</sup>Más ea, ní éistfidís lena mbreithiúna, ach is amhlaidh a chuadar le striapachas i ndiaidh déithe eile agus shléachtadar dóibh. Ba róbheag an mhoill orthu casadh i leataobh ón mbealach a ghabh a sinsir, an bealach a ghabhadar de réir orduithe an Tiarna; níor leanadar a samplasan. <sup>18</sup>Nuair a cheapadh an Tiarna breithiúna dóibh, bhíodh sé i bhfochair an bhreithimh, agus shaoradh sé óna naimhde iad fad mhaireadh an breitheamh beo. Óir bhíodh trua ag an Tiarna dóibh as ucht a n-uchlán agus iad á gcrá agus á



gciapadh ag lucht a mbuartha. <sup>19</sup>Nuair a d'fhaigheadh an breitheamh bás, ámh, d'fhillidís ar a seanbhéasa, ionas gur seacht measa a iompraídís iad féin ná a n-aithreacha; leanaidís déithe eile, ag fónamh agus ag sléachtadh dóibh, ní thugaidís cúl lena ndrochghníomhartha ná lena gceannánacht.

<sup>20</sup>Ansin bhladhm fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael agus dúirt sé: “Ós rud é go ndearna an pobal seo mo chonradh a leag mé ar a sinsir a bhriseadh agus nár ghéilleadar do mo ghlór, <sup>21</sup>ní dhéanfaidh mé dá bhrí sin aon cheann de na ciníocha a d'fhág Iósua sa tír nuair a d'éag sé a dhíbirt rompu.” <sup>22</sup>Ba d'fhonn Iosrael a thriail le cabhair na gciníocha ud é sin, féachaint an leanfaidís ar bhealach an Tiarna faoi mar a rinne a sinsir tráth nó nach ndéanfaidís. <sup>23</sup>Lig an Tiarna do na ciníocha sin fanacht mar a rabhadar; níor chuir sé an ruaig orthu le teann deabhaidh, ná níor thug ar láimh do Iósua iad.

**3** Seo iad na ciníocha a cheadaigh an Tiarna a fhanacht sa tír d'fhonn Iosrael a thriail tríothu, iad sin go léir in Iosrael is é sin nach raibh aon taithí acu ar chogadh i gCanán. <sup>2</sup>(Ar mhaithe le glúine chlann Iosrael é sin, d'fhonn ceird an chogaidh a mhúineadh dóibh, dóibh siúd ar a laghad nach raibh taithí acu ar chogadh roimhe sin): <sup>3</sup>cúigear, taoiseach na bhFilistéeach, na Canánaigh go léir, na Síodónaigh, na Hitigh a bhí ag cur fúthu ar Shliabh na Liobáine, ó ardáin Bhál Hearnóm go Bealach Hamát. <sup>4</sup>Bhí sé d'fheidhm leo Iosrael a thriail féachaint an gcoimeádfaidís na haitheanta a thug an Tiarna dá sinsir ó bheal Mhaois. <sup>5</sup>Chuir clann Iosrael fúthu dá bhrí sin i measc na gCanánach, na Hiteach, na nAmórach, na bPirizeach, na Hiveach, na Iabúsach; <sup>6</sup>phósadar



iníonacha na gciníocha seo, thugadar a n-iníonacha féin le pósadh dá mic, agus rinneadar fónamh dá ndéithe.

## NA BREITHIÚNA

### Oitníéil

<sup>7</sup>Rinne pobal Iosrael an t-olc i bhfianaise an Tiarna. Rinneadar dearmad ar an Tiarna, a nDia, go ndearnadar fónamh do na Bálaím agus do na hAiseárót. <sup>8</sup>Ansin bhladhm fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael, agus thug sé ar láimh iad do Chúisean Riseátaím, rí Eadóm. Bhí pobal Iosrael faoi dhaoirse ag Chúisean Riseátaím ar feadh ocht mbliana. <sup>9</sup>Ghlaoigh clann Iosrael ar an Tiarna, agus d'ardaigh an Tiarna fuasclóir do chlann Iosrael, Oitníéil mac Canaz, deartháir ab óige ná Cálaeb. <sup>10</sup>Tháinig spiorad an Tiarna air, agus rinne breitheamh de in Iosrael. Chuaigh sé chun cogaidh agus thug an Tiarna Cúisean Riseátaím, rí Eadóm, ar láimh dó, agus bhí an lámh in uachtar aige ar Chúisean Riseátaím. <sup>11</sup>Bhí suaimhneas sa tír ansin ar feadh daichead bliain.

### Éahúd

Nuair a fuair Oitníéil mac Canaz bás, <sup>12</sup>rinne pobal Iosrael an t-olc i bhfianaise an Tiarna. Neartaigh an Tiarna Eaglón rí Mhóáb in aghaidh Iosrael, mar go dearnadar an t-olc i bhfianaise an Tiarna. <sup>13</sup>Chruinnigh sé chuige na hAmónaigh agus na hAmailéicigh,



ghabh chun catha in aghaidh Iosrael agus bhris orthu, agus ghabh sé cathair na bPailmeacha. <sup>14</sup>Bhí pobal Iosrael go léir faoi dhaoirse ag Eaglón rí Mhoáb ar feadh ocht mbliana déag.

<sup>15</sup>Ansin ghlaigh clann Iosrael ar an Tiarna, agus ardaigh an Tiarna fuasclóir dóibh, Éahúd mac Ghéará, an Biniáimíneach, ciotóg. Cheap clann Iosrael é lena gcáin a thabhairt d'Eaglón rí Mhoáb. <sup>16</sup>Rinne Éahúd claíomh dhá fhaobhar dó féin, é banlámh ar fad, agus chuir i bhfearas é ar a shliasaid dheas faoina chuid éadaigh. <sup>17</sup>Chuir sé an cháin faoi bhráid Eaglón rí Mhoáb. Fear an-chothaithe a ba ea Eaglón. <sup>18</sup>Nuair a bhí an cháin curtha i láthair Eaglón aige, d'imigh sé leis an muintir a d'iompair an cháin. <sup>19</sup>Ach d'fhill sé féin ar ais ó Íola Ghilgeál, agus dúirt: “Tá teachtaireacht rúin agam duit, a rí.” “Ciúnas,” a d'fhógair an rí agus amach leis na giollaí go léir óna láthair. <sup>20</sup>Isteach le Éahúd chuige agus é ansiúd ina aonar ina shuí ina sheomra fionnuar uachtair. “Tá teachtaireacht ó Dhia agam duit, a rí,” arsa Éahúd. D'éirigh an rí ina sheasamh as a shuíochán. <sup>21</sup>Ansin shín Éahúd a chiotóg agus tharraing a chlaíomh óna shliasaid dheas agus rop sé ina bholg siúd é. <sup>22</sup>Lean an dornchla an lann isteach agus dhún an méithreas ar an lann mar nár tharraing sé an claíomh as a bholg; tháinig an cainniúr amach. <sup>23</sup>Chuaigh Éahúd amach sa phóirse ansin, dhún doirse an tseomra uachtair air, agus chuir an glas orthu. <sup>24</sup>Nuair a bhí sé imithe, tháinig na giollaí agus d'fhéachadar; bhí an glas ar dhoirse an tseomra uachtair. “Ag déanamh a ghnó ar chúl an tseomra fhionnuair,” ar siad leo féin, “atá sé.” <sup>25</sup>D'fhanadar agus d'fhanadar go dtí go rabhadar i bponc ceart; ansin, mar nár oscail sé doirse an tseomra uachtair, fuairadar an eochair agus d'osclaíodar iad. Ba shiúd a dtiarna marbh ar an urlár.





<sup>26</sup>D’éirigh Éahúd fad bhíodar ag feitheamh. Ghabh sé thar na hÍola agus tháinig slán go Saíreá. <sup>27</sup>Nuair a shroich sé críocha Iosrael shéid sé ar an adharc in ardáin Eafráim; tháinig clann Iosrael anuas ó na hardáin in éineacht leis, agus eisean i gceannas orthu.

<sup>28</sup>Dúirt sé leo: “Leanaigí mise óir rinne an Tiarna bhur namhaid Móáb a thabhairt ar lámh daoibh.” Lean siad é dá bhrí sin, agus ghabh áthanna na Iordáine in aghaidh na Móábach gan a ligean do chaonaí dul sall. <sup>29</sup>Mharaíodar an uair sin timpeall deich míle Móábach; laochra tréana cumasacha iad uile; níor fágadh fear inste scéil díobh. <sup>30</sup>Fuair Iosrael lámh in uachtar ar Mhóáb an lá sin, agus bhí suaimhneas sa tír ansin ar feadh ceithre fichid bliain.

<sup>31</sup>Ina dhiaidh sin, tháinig Seamgar mac Anát. Chloígh sé sé chéad Filistíneach le brod damh; d’fhuascail seisean Iosrael freisin.

## Deabórá agus Bárác

**4** Nuair a d’éag Éahúd, chrom clann Iosrael arís ar an olc a dhéanamh i bhfianaise an Tiarna. <sup>2</sup>Thug an Tiarna ar lámh iad do Iábaín rí Chanán a bhí i réim i Házór. Ba é Síseará a cheannaire airm, agus bhí cónaí airsean i Haroisit-ha-Góim. <sup>3</sup>Ansin ghlaigh clann Iosrael ar an Tiarna teacht i gcabhair orthu, mar bhí naoi gcéad carbad iarainn ag Iábaín agus rinne sé géarleanúint dhian ar chlann Iosrael ar feadh fiche bliain.

<sup>4</sup>Faoin am seo bhí Deabórá banfháidh, céile Laipídeot, ina breitheamh in Iosrael. <sup>5</sup>Shuíodh sí faoi phailm Dheabórá idir Rámá agus Béitéil in ardáin Eafráim agus thagadh clann Iosrael chuici chun a gcaingne a réiteach. <sup>6</sup>Chuir sí fios ar Bhárác mac Aibíonoam ó



Cheidis i Naftáilí agus dúirt leis: “Seo é ordú an Tiarna Dia Iosrael duit: ‘Tionóil do chuid fear ag Sliabh Tábór agus beir leat fiche míle as treibh Naftáilí agus as treibh Zabúlun. <sup>7</sup>Déanfaidh mise Síseará ceann feadhna arm Iábaín a mhealladh amach i d’aghaidh ar bhruach abhann Chiseon lena charbaid agus lena shluaite, agus tabharfaidh mé ar lámh duit é.’” <sup>8</sup>D’fhreagair Bárác í: “Má théann tusa liom, rachaidh mé; mura dtéann tú liom, ní rachaidh mé [mar nach eol dom conas an lá a thoghadh ar a dtabharfadh aingeal an Tiarna an bua dom].” <sup>9</sup>“Rachaidh mé leat, más ea,” ar sí, “ach ón tslí ina bhfuil tú ag dul ina bhun, ní hé do ghlóirse a thiocfaidh as, óir tabharfaidh an Tiarna an lámh in uachtar ar Shíseará do bhean.” Ansin d’éirigh Deabórá ina seasamh agus d’imigh go Ceidis i dteannta Bhárác. <sup>10</sup>Thionóil Bárác Zabúlun agus Naftáilí go Ceidis; lean deich míle fear ar a shála agus gabh Deabórá ina theannta. <sup>11</sup>Bhí scartha ag Heibir an Céineach leis na Céinigh, sliocht Hobab, athair céile Mhaois; bhí a bhoth curtha suas aige ag Dair Zánanaím i gcóngar Cheidis.

<sup>12</sup>Nuair a chuala Síseará go raibh a champa ag Bárác mac Aibíonoam ar Shliabh Tábór, <sup>13</sup>chuir sé fios ar a charbaid go léir – naoi gcéad carbad iarainn, agus ar na sluaite go léir a bhí aige, ó Haroisit-ha-Góim go bruach Chiseon. <sup>14</sup>Dúirt Deabórá le Bárác: “Bí i do shuí! Óir seo é an lá ina bhfuil an Tiarna ag tabhairt an lámh in uachtar duit ar Shíseará! Nach bhfuil an Tiarna ag gabháil romhat amach?” Síos le fána Shliabh Tábór le Bárác de ruathar agus deich míle fear ar a shála. <sup>15</sup>Chuir an Tiarna an teitheadh ar Shíseará agus ar a charbaid agus ar a shluaite go léir le faobhar claímh roimh ionsaí Bhárác. Phreab Síseará anuas dá charbad agus theith sé de chois. <sup>16</sup>Lean Bárác sa tóir ar



na carbaid agus ar na sluaite go Haroisit-ha-Góim; thit arm Shíseará go léir de rinn claímh; níor fagadh fear inste scéil.

<sup>17</sup>Theith Síseará de chois go both Iáéil, bean Heibir an Céineach, óir bhí síocháin idir Iábaín rí Házór agus Heibir an Céineach. <sup>18</sup>Tháinig Iáéil amach i gcoinne Shíseará agus dúirt leis: “Tar anseo, a thiarna, agus fan anseo faramsa; ná bíodh eagla ort.” D’fhan sé ina both dá bhrí sin agus chludaigh sí é le súsa. <sup>19</sup>Dúirt sé léi: “Tabhair dom deoch bheag uisce le do thoil mar tá tart orm.” D’oscail sí seithe bainne dá bhrí sin, thug deoch dó agus chlúdaigh arís é. <sup>20</sup>Ansin dúirt sé léi: “Seas ag béal na botha agus má thagann aon duine agus ceist a chur ort: ‘An bhfuil aon duine anseo?’ abair: ‘Níl.’” <sup>21</sup>Ach rug Iáéil bean Heibir ar phionna botha, thóg tuairgnín ina lámh, agus dhruid leis go socair; thiomáin sí an pionna isteach ina uisinn go ndeachaigh sé i dtalamh agus é ina luí ansiúd ina chodladh de bharr a thuirse. Sin mar a d’éag sé. <sup>22</sup>Tháinig Bárác ansin agus é sa tóir ar Shíseará. Chuaigh Iáéil amach ina choinne agus dúirt leis: “Tar, agus taispeánfaidh mé duit an fear atá uait.” Chuaigh sé isteach ina both dá bhrí sin; bhí Síseará ina luí ansiúd marbh agus an pionna botha ina uisinn.

<sup>23</sup>Threascair an Tiarna Iábaín rí Chanán os comhair chlann Iosrael an lá sin. <sup>24</sup>Luigh clann Iosrael níos troime agus níos troime ar Iábaín rí Chanán go dtí gur scriosadar Iábaín rí Chanán.



## Laoi Dheabórá agus Bhárác

5 Chan Deabórá agus Bárác mac Aibíonoam laoi an lá úd:

<sup>2</sup> Scaoil laochra in Iosrael a bhfolt le gaoth  
Agus tháinig an pobal i láthair le flosc.  
Molaigí an Tiarna dá bharrsan.

<sup>3</sup> Éistigí, a ríthe! Tugaigí cluas a thaoiseacha!  
Canfaidh mé don Tiarna,  
Mórfaidh mé an Tiarna, Dia Iosrael.

<sup>4</sup> A Thiarna, nuair a chuir tú chun bóthair ó Shaeír,  
Nuair a ghabh tú trí chríocha Eadóm,  
Tháinig crith ar thalamh agus suaitheadh ar neamh,  
Agus d'imigh scamail ina mbáisteach.

<sup>5</sup> Leáigh na sléibhte os comhair an Tiarna,  
Os comhair an Tiarna, Dia Iosrael.

<sup>6</sup> I laethanta Sheamgar mac Anát,  
I laethanta Iáéil,  
Tugadh cúl leis an mbóthar mór;  
Ghabh lucht taistil na cúlchosáin.



- <sup>7</sup> Bhí [sráidbhailte] Iosrael marbh, marbh gan anam,  
Nó gur tháinig tú ar an bhfód, a Dheabóra,  
Gur tháinig tú ar an bhfód mar mháthair in Iosrael.
- <sup>8</sup> An mhuintir ar dhual dóibh seasamh do Dhia  
Ní raibh focal astu.  
As cúig cathracha, níor tháinig oiread agus sciath,  
Gan oiread agus sciath as daichead míle in Iosrael!
- <sup>9</sup> Preabann an croí ionam do cheannairí Iosrael,  
Agus don mhuintir a sheas an fód go calma.  
Molaigí an Tiarna dá bharrsan!
- <sup>10</sup> A lucht falaireachta ar asail chróna,  
Le diallaití saibhre fúibh,  
Agus sibhse atá ag gabháil na mbóithre,  
Canaigí laoi <sup>11</sup>le gártha lúcháire an phobail,  
Agus iad cruinnithe ag na láithreacha uisce.  
Maíonn siad as beannachtaí an Tiarna ansiúd,  
As beannachtaí a réimis in Iosrael.  
(Mhairseáil pobal an Tiarna síos chun na ngeataí.)



- <sup>12</sup> Múscaíl, múscaíl, a Dheabórá,  
Múscaíl, múscaíl, agus abair amhrán.  
Éirigh, a Bhárác, agus bíodh misneach agat;  
Déan géibheannaigh de lucht do ghéibhnithe,  
A mhic Aibíonoam!
- <sup>13</sup> Mháirseáil Iosrael síos chun na ngeataí,  
Mháirseáil pobal an Tiarna síos mar laochra chun troda ar a shon.
- <sup>14</sup> Tá taoisigh Eafráim sa ghleann;  
Tá bhur mbráithre Biniáimin ag gabháil le bhur ndíormaí.  
Chuir na ceannairí chun siúil ó Mhácaír  
Agus ó Zabúlun lucht iompartha slat an cheannais.
- <sup>15</sup> Tá flatha Íosácár i dteannta Dheabórá;  
Tá Naftáilí sa ghleann le Bárác agus á leanúint le teann deabhaidh.  
I measc srutháin Reúbaen,  
Tá cúraimí faoi chaibidil go fadálach.
- <sup>16</sup> Cad ab áil libh ag moilliú i measc na gcróite  
Ag éisteacht le píobaireacht i measc na dtréad?  
(I measc srutháin Reúbaen,  
Tá cúraimí faoi chaibidil go fadálach.)



<sup>17</sup> D’fhan Gileád thar Iordáin.

Cad ab áil le Dán a bheith i measc loingear na gcoimhthíoch?  
Shuigh Áiséar go sochma ar fheorainn na farraige,  
Ag cur faoi go síochánta ag a chalaí.

<sup>18</sup> Chuir treibh Zabúlun a n-anam i bhfiontar,  
Agus Naftáilí chomh maith ar na hardáin.

<sup>19</sup> Tháinig na ríthe agus chuadar sa treas;  
Ansin throideadar, ríthe úd Chanán,  
Ag Tánác, agus uiscí Mhigideo;  
Ach níor thugadar aon chreach airgid leo.

<sup>20</sup> Throid na réaltaí ó uachtar neimhe;  
Chuireadar cath ar Shíseará óna gcúrsaí.

<sup>21</sup> Scuab tuile Chiseon chun siúil iad,  
An tuile naofa, tuile Chiseon;  
Treascair, a anam liom, treascair le fuinneamh;

<sup>22</sup> Tá tine chreasa ón talamh faoi chrúba na n-each,  
Agus iad ag gabháil sna feilimintí siúil.

<sup>23</sup>“Mallacht ar Mhaeróz,” arsa aingeal an Tiarna.  
Mallacht agus mallacht eile ar an muintir a chónaíonn ann,



Mar nár tháinig siad i gcabhair ar an Tiarna,  
I gcabhair ar an Tiarna in aghaidh na dreon.

<sup>24</sup> Gura beannaithe Iáéil i measc na mban;  
Bean Heibir, an Céineach;  
I measc na mban go léir a chónaíonn i mbothanna  
Gurab í is mó beannacht.

<sup>25</sup> D'iarr sé uisce agus thug sí dó bainne;  
Thug sí gruth dó i gcorn flaithiúil.

<sup>26</sup> Shín sí a lámh agus rug ar an bpionna  
Agus ina deasláimh rug greim ar thuairgnín an oibrí.

Bhuail sí buille ar Shíseará agus bhrúigh a phlaosc;  
Bhasc sí a uisinn agus chuir an pionna tríthi.

<sup>27</sup> Thit sé agus síneadh ar lár faon ag a cosa é.  
Thit sé chun láir agus lántalún agus bhí sé ansiúd ina chnap.

<sup>28</sup> Tá sí ag gliúcaíl ag an bhfuinneog,  
Máthair Shíseará, agus ag féachaint tríd an gcrannaíl.

“Cén mhoill atá ar a charbad ag teacht?  
Cén fáth a bhfuil a eachra faoina gcarbaid chomh mall?”





<sup>29</sup>Tugann an té is mó gaois ar a mná uaisle freagra,  
Freagra a dhéanann sí a aithris di féin.

<sup>30</sup>“Nach bhfuil siad cheana féin ag bailiú, ar ndóigh,  
agus ag roinnt na creiche?  
– Ógbhean nó beirt do gach laoch;  
Fallaing, nó dhá fhallaing dhaite do Shíseará;  
Carbhat, dhá charbhat le bróidnéireacht domsa!”

<sup>31</sup>Go dté do naimhde go léir ar ceal, ar an gcuma sin, a Thiarna!  
Go raibh do chairde mar an ghrian,  
Agus í ag éirí i lán a nirt!

Agus bhí suaimhneas ag an tír ar feadh daichead bliain.

## Gideón

**6**Rinne clann Iosrael an t-olc i bhfianaise an Tiarna; thug an Tiarna ar láimh iad do Mhidián ar feadh seacht mbliana. <sup>2</sup>Luigh Midián go trom ar Iosrael. Bhain clann Iosrael feidhm as pluaiséanna sléibhe agus uaimheanna agus daingin chun teacht slán ó Mhidián. <sup>3</sup>Nuair a chuireadh Iosrael síol, thagadh Midián fara Amáiléic agus treibheanna an Oirthir, agus d’ionsáidís iad; <sup>4</sup>shuídís a longfort ina gcríocha, agus scriosaídís toradh na talún ar fud na tíre go himill Ghazá, gan beatha ar bith a fhágáil ag Iosrael, caora, ná damh, ná asal. <sup>5</sup>Mar thagaidís chomh tiubh le lócaistí lena n-eallach agus lena mbothanna;



níorbh fhéidir a líon féin ná líon a gcamall a áireamh, i dtreo go gcreachaidís an dúiche ina ngabhaidís. <sup>6</sup>Bhí Iosrael i gcrúachás agus i ngátar, de bharr Mhidián; agus ghlaoiigh clann Iosrael ar an Tiarna ag lorg cabhrach.

<sup>7</sup>Nuair a ghlaoiigh clann Iosrael ar an Tiarna de bharr Mhidián, <sup>8</sup>chuir an Tiarna fáidh go clann Iosrael, agus dúirt sé leo: “Seo mar a deir an Tiarna: ‘Sheol mé aníos ón Éigipt sibh, agus thug mé amach as teach na daoirse sibh; <sup>9</sup>d’fhuascail mé sibh ó láimh na nÉigipteach, agus ó láimh lucht bhur ngéarleanúna go léir: dhíbir mé romhaibh iad, agus thug mé daoibh a gcuid tailte. <sup>10</sup>Agus dúirt mé libh: “Mise an Tiarna bhur nDia; ná tugaigí ómós do dhéithe na nAmórach, a bhfuil sibh ag cur fúibh ina gcríocha.” Ach níor thug sibh aird ar mo ghlór.”“

<sup>11</sup>Tháinig aingeal an Tiarna agus shuigh sé faoin gcrann darach in Ofrá a bhain le Ióáis, an tAibíezreach. Bhí a mhacsa Gideón ag bualadh cruithneachta sa chantaoir fhíona d’fhonn í a cheilt ar Mhidián, <sup>12</sup>agus thaibhsigh aingeal an Tiarna dó go ndúirt leis: “Tá an Tiarna leat, a ghaiscígh chalma!” <sup>13</sup>Dúirt Gideón leis: “Má tá an Tiarna linn, a uasail, cén fáth, más ea, ar tharla na nithe seo uile dúinn? Agus cá bhfuil na héachtaí go léir a d’inis ár n-aithreacha dúinn, á rá: ‘Nár thug an Tiarna amach as an Éigipt sinn?’ Ach anois tá droim laimhe tugtha ag an Tiarna linn agus táimid tugtha isteach i láimh Mhidián aige.”

<sup>14</sup>Leis sin, d’iompaign an Tiarna chuige á rá: “Éirigh amach i do neart agus saor Iosrael ó chumhacht Mhidián! Nach mise féin a chuireann uaim thú?” <sup>15</sup>D’fhreagair seisean: “A Thiarna, conas a thiocfaidh liomsa Iosrael a shaoradh? Is é mo fhinese an fine is laige i Manaise, agus is mise is lú cumas i dteaghlach m’athar.” <sup>16</sup>Dúirt an Tiarna leis:



“Beidh mise leat, agus buailfidh tú Midián amhail is nach mbeadh iontu ach aon duine amháin.”<sup>17</sup> “Má fuair mé gean uait,” arsa Gideón leis, “tabhair dom comhartha gur tusa féin atá ag labhairt liom.”<sup>18</sup> Guím thú gan imeacht as seo nó go dtiocfaidh mé chugat arís agus go dtabharfaidh mé m’íobairt chugat, agus go gcuirfidh mé i do láthair í.” Agus d’fhreagair seisean: “Fanfaidh mé go dtiocfaidh tú ar ais.”

<sup>19</sup>D’imigh Gideón abhaile ansin agus d’ullmhaigh meannán agus builíní aráin gan ghabháile as éafá plúir. Chuir sé an fheoil i gciseán agus an t-anraith i gcorcán agus thug sé chuige iad mar a raibh sé faoin dair. Nuair a dhruid sé leis,<sup>20</sup> dúirt Dia leis: “Beir leat an fheoil, agus na builíní gan ghabháile, agus cuir ar an gcarraig seo iad, agus doirt an t-anraith orthu.” Rinne sé amhlaidh.<sup>21</sup> Leis sin shín aingeal an Tiarna barr na slaite a bhí ina láimh, gur bhain leis an bhfeoil agus leis na builíní gan ghabháile. Phreab tine as an gcarraig ansin agus loisc an fheoil agus na builíní gan ghabháile, agus leis sin sceinn aingeal an Tiarna as amharc.<sup>22</sup> Thuig Gideón ansin gurbh é aingeal an Tiarna a bhí ann agus dúirt sé: “Faraor, a Thiarna Dia! Chonaic mé aingeal an Tiarna gnúis le gnúis!”<sup>23</sup> Ach dúirt an Tiarna leis: “Síocháin leat! Ná bíodh eagla ort, ní bhfaighidh tú bás.”

<sup>24</sup>Thóg Gideón altóir don Tiarna san áit sin, agus thug sé Síocháin É An Tiarna mar ainm uirthi. Tá sí ina seasamh ansiúd fós in Ofrá na nAibíezreach.

<sup>25</sup>Dúirt an Tiarna leis an oíche sin: “Faigh gamhain ramhar d’athar, an dara ceann. Leag anuas an altóir do Bhál atá ag d’athair, agus gearr anuas an cuaille naofa taobh léi.”<sup>26</sup> Tóg altóir chloch dea-chumtha don Tiarna do Dhia ar bharr an fharragáin seo. Ansin faigh an gamhain ramhar, an dara ceann, agus íobair é mar íobairt dhóite le hadhmad an chuaille a bheidh gearrtha anuas agat.”<sup>27</sup> Thogh Gideón deichniúr dá ghiollaí agus rinne



mar a dúirt an Tiarna leis. Ach le barr eagla roimh a theaghlach féin agus muintir an bhaile é sin a dhéanamh leis an lá, rinne sé é leis an oíche. <sup>28</sup>Nuair a d'éirigh muintir an bhaile ar maidin lá arna mharach, féach! bhí altóir Bhál leagtha anuas, an cuaille naofa a bhí taobh léi scriosta, agus an gamhain ramhar eile ofráilte ina íobairt dhóite ar an altóir eile a tógadh. <sup>29</sup>“Cé rinne é seo?” ar siad lena chéile. Cheistíodar agus rinneadar iniúchadh, agus dúradar: “Sé Gideón mac Ióáis a rinne é seo!” <sup>30</sup>Ansin dúirt muintir an bhaile le Ióáis: “Tabhair amach do mhac, mar ní foláir é a chur chun báis, mar gur leag sé anuas altóir Bhál, agus gur ghearr sé anuas an cuaille naofa a bhí taobh leis.” <sup>31</sup>Ach dúirt Ióáis leis an muintir go léir a bhí cruinnithe ina aghaidh: “An bhfuil fonn oraibh aighneas a dhéanamh ar mhaithe le Bál, agus seasamh leis? (Aon duine a dhéanfaidh aighneas ar mhaithe le Bál, cuirtear chun báis é roimh mhaidin.) Más dia é, déanadh sé a chuid aighnis dó féin, ós rud é gur scriosadh a altóir.” <sup>32</sup>Tugadh Iarubál ar Ghideón an lá sin, mar dúradar: “Ní foláir do Bhál aighneas a dhéanamh ina choinne, ós rud é gur scrios sé a altóir.”

<sup>33</sup>Ansin chruinnigh Midián agus Amáiléc, agus muintir an Oirthir go léir le chéile; ghabhadar thar an Iordáin agus shuíodar a longfort i nGleann Izréil. <sup>34</sup>Tháinig spiorad an Tiarna ar Ghideón: shéid sé ar an adharc agus d'fhreagair Aibíezir go léir a ghlaoch. <sup>35</sup>Chuir sé teachtairí ar fud Mhanaise go léir chomh maith agus d'fhreagair siadsan é. Chuir sé teachtairí go hÁiséar, go Zabúlun, agus go Naftáilí agus amach leo sin chuige chomh maith. <sup>36</sup>Dúirt Gideón le Dia: “Má tá sé beartaithe agat dáiríre Iosrael a fhuascailt le neart mo láimhe, mar a dúirt tú, <sup>37</sup>féach, seo lomra olla á leathadh agam ar an urlár buailte. Má bhíonn drúcht ar an lomra amháin, agus an t-urlár go léir tirim, ansin beidh a



fhios agam go ndéanfaidh tú Iosrael a fhuascailt le neart mo láimhe, mar a dúirt tú.”

<sup>38</sup>Agus is amhlaidh a bhí. D'éirigh sé go moch lá arna mhárach, agus d'fháisc an lomra agus bhain lán coirn de dhrúcht as an lomra. <sup>39</sup>Ansin labhair Gideón arís le Dia: “Ná bí i bhfearg liom má labhraím arís eile! Lig dom aon triail amháin eile fós a dhéanamh leis an lomra. Bíodh an lomra amháin tirim, agus bíodh drúcht ar an urlár go léir ina thimpeall.”

<sup>40</sup>Rinne Dia amhlaidh an oíche sin; d'fhan an lomra amháin tirim agus bhí drúcht ar an talamh go léir ina thimpeall.

## Cogadh Thiar

**7**D'éirigh Iarubál (Gideón is é sin) an-mhoch, agus rinne a lucht leanúna go léir amhlaidh, agus shuíodar a longfort ag Éan Harod; bhí longfort Mhidián lastuaidh díobh, sa chom faoi bhun shliabh Mhóire. <sup>2</sup>Ansin dúirt an Tiarna le Gideón: “Tá an iomad slua farat le go dtabharfainn Midián faoina láimh, le heagla go maífeadh Iosrael astu féin i m'aghaidh, á rá: ‘Neart mo láimhe féin a d'fhuascail mé.’ <sup>3</sup>Tabhair an fógra seo dá bhrí sin don phobal anois: ‘Téadh aon duine a bhfuil scéin nó eagla air, abhaile.’” Chuir Gideón ar a dtríail iad: chuaigh fiche míle abhaile agus d'fhan deich míle.

<sup>4</sup>Dúirt an Tiarna le Gideón: “Tá an iomad fear agat fós. Tabhair go himeall an uisce iad agus déanfaidh mé iad a chur ar a dtríail ansiúd duit. Má deirim faoi dhuine: ‘Tá sé seo le dul i do theannta,’ téadh an té sin i do theannta. Agus má deirim faoi dhuine: ‘Níl sé siúd le dul i do theannta,’ ná téadh an té sin i do theannta.” <sup>5</sup>Thug Gideón síos go himeall an uisce iad agus dúirt an Tiarna: ‘Gach duine a dhéanann an t-uisce a leadhbadh



lena theanga, dála an mhadra, cuir i leataobh é; gach duine a théann ar a ghlúine ag ól, cuir ar an taobh eile é.” <sup>6</sup>Ba é líon na ndaoine a leadhb lena dteanga ag cur a lámh lena mbéal, trí chéad fear; chuaigh an chuid eile go léir ar a nglúine ag ól an uisce. <sup>7</sup>Ansin dúirt an Tiarna le Gideón: “Leis an trí chéad fear a rinne an leadhbadh, déanfaidh mé sibh a fhuascailt, agus tabharfaidh mé an lámh in uachtar duit ar Mhidián. Téadh an chuid eile go léir ar ais, gach duine chun a thí féin.” <sup>8</sup>Thóg [Gideón] a raibh de chrúscaí agus d’adharca ag an bpobal, agus chuir sé na hIosraelaigh eile go léir chun siúil, gach duine go dtí a bhoth féin, gan ach an trí chéad a choimeád aige féin. Bhí longfort Mhidián sa chom laistíos de.

<sup>9</sup>I gcaitheamh na hoíche céanna dúirt an Tiarna leis: “Bí i do shuí, agus síos leat go dtí an longfort, mar thug mé ar láimh duit é. <sup>10</sup>Ach más eagal leat tabhairt faoi, beir do ghiolla Purá síos leat ar dtús, <sup>11</sup>agus éist lena bhfuil á rá acu; cuirfidh sin misneach ort, agus ansin déanfaidh tú ionsaí ar an longfort.” D’imigh sé síos dá bhrí sin le Purá a ghiolla go dtí urphoist shaighdiúirí an longfoirt. <sup>12</sup>Bhí Midián agus Amáiléc agus muintir an Oirthir go léir leata ar fud an choma mar lócaistí le líonmhaire; bhí líon gan áireamh de chamaill acu, mar ghaineamh na trá le líonmhaire. <sup>13</sup>Nuair a shroich Gideón, bhí fear ag insint dá chomrádaí faoi bhrionglóid: “Taibhríodh taibhreamh dom,” ar sé; “féach! ghabh builín eorna de ruathar trí longfort Mhidián; shroich sé an bhoth, bhuail í, leag í, agus chuir tóin in airde í.” <sup>14</sup>D’fhreagair a chomrádaí: “Ní foláir nó gurb é sin claíomh Ghideón mac Ióáis, an tIosraelach; tá Midián agus an slua go léir tugtha ina lámh ag Dia dó.”

<sup>15</sup>Nuair a chuala Gideón an bhrionglóid á hinsint agus á ciallú, chaith sé é féin ar a ghlúine. Ansin d’fhill sé ar longfort Iosrael agus dúirt: “Bígí in bhur suí: mar tá longfort



Mhidián curtha faoinár láimh ag an Tiarna.”<sup>16</sup> Ansin roinn Gideón an trí chéad fear ina dtrí díormaí, chuir adharc i láimh gach duine díobh, agus crúsca folamh agus lóchrann i ngach crúsca.<sup>17</sup> Dúirt sé leo: “Fairigí mise agus déanaigí mar a dhéanaimse. Nuair a thiocfaidh mé go himeall an longfoirt, déanaigí díreach mar a dhéanfaidh mise.”<sup>18</sup> Nuair a shéidfidh mé ar an adharc, mé féin agus an dream a bheidh faram, ansin séidigí sibhse leis ar an adharc ar gach taobh den longfort agus cuirigí gáir suas: ‘Don Tiarna agus do Ghideón.’”<sup>19</sup> Tháinig Gideón agus an céad fear a bhí ina theannta go himeall an longfoirt ag tús faire na meánoíche, nuair a bhí foireann nua faire ceaptha. Shéideadar ar a n-adharca agus bhriseadar na crúscaí a bhí ina lámha.<sup>20</sup> Shéid na trí díormaí ar a n-adharca, agus bhriseadar a gcrúscaí; rugadar greim ar na lóchrainn ina gciotóga agus ar na hadharca le séideadh ina ndeasóga; agus chuireadar gáir suas: “(Claíomh) don Tiarna agus do Ghideón!”<sup>21</sup> Sheas gach duine ina láthair féin timpeall an longfoirt. [Dhúisigh] lucht an longfoirt go léir agus theitheadar agus iad ag liúirigh.<sup>22</sup> Fad a bhí an trí chéad ag séideadh a n-adharc, chuir an Tiarna claíomh gach duine in aghaidh a chéile sa longfort. Theitheadar go léir chomh fada le Béit Siteá i dtreo Zaratán, go himeall Ábael Machólá os comhair Thabát.

<sup>23</sup>Tionóladh fir Iosrael le chéile ó Naftáilí, ó Áiséar, agus ó Mhanaise go léir, agus chuadar sa tóir ar Mhidián.<sup>24</sup> Chuir Gideón teachtairí trí ardáin Eafráim á rá: “Tagaigí anuas i gcoinne Mhidián, agus gabhaigí na huiscí orthu as seo go Béit Bára, agus an Iordáin chomh maith.” Tháinig muintir Eafráim go léir dá bhrí sin agus ghabhadar na huiscí as sin go Béit Bára, agus an Iordáin.<sup>25</sup> Ghabhadar dhá thaoiseach Mhidián, Oraeb



agus Zéib; mharaíodar Oraeb ag Carraig Oraeb agus Zéib ag Cantaoir Zéib. Chuadar sa tóir ar Mhidián, agus thugadar cinn Oraeb agus Zéib go Gideón lastall den Iordáin.

**8** Dúirt muintir Eafráim le [Gideón]: “Cad ab ail leat leathchuma mar seo a dhéanamh orainn; agus gan gaoch orainn nuair a chuaigh tú chun cogaidh le Midián?” Rinneadar casaoid ghéar ina aghaidh, <sup>2</sup> ach d’fhreagair sé iad: “Cad tá déanta agamsa seachas agaibhse? Nach fearr ceannóga finiúna Eafráim ná fómhar fíona Aibíeizir? <sup>3</sup> Thug Dia taoisigh Mhidián, Oraeb agus Zeib, ar láimh daoibh. Cad a ba fhéidir domsa a dhéanamh seachas sibhse?” Ansin chuaigh a bhfearg ar ceal ar chlos na bhfocal sin.

## Cogadh Thoir

<sup>4</sup> Tháinig Gideón go dtí an Iordáin agus chuaigh thairsti sall, ach bhí sé féin agus a thrí céad comrádaí sa tóir tuirseach tnáite. <sup>5</sup> Dúirt sé dá bhrí sin le muintir Shucót: “Tugaigí roinnt builíní aráin do mo lucht leanúna, le bhur dtoil, mar tá siad traochta agus táimse sa tóir ar Zeaba agus Zalmuná, ríthe Mhidián.” <sup>6</sup> D’fhreagair taoisigh Shucót: “Arán a thabhairt do d’arm? An ea go bhfuil greim agaibh cheana féin ar Zeaba agus ar Zalmuná?” <sup>7</sup> Agus dúirt Gideón: “Tá go maith mar sin! Nuair a thabharfaidh an Tiarna Zeaba agus Zalmuná ar láimh dom, déanfaidh mé bhur bhfeoil a stolladh le deilgneach fásaigh agus le seacha.” <sup>8</sup> Chuaigh sé as sin go Panúéil agus d’iarr sé an rud céanna orthu; thug muintir Phanúéil freagra air mar a rinne muintir Shucót. <sup>9</sup> Agus d’fhreagair sé muintir Phanúéil: “Nuair a fhillfidh mé faoi bhua, scriosfaidh mé an túr seo.”





<sup>10</sup>Bhí Zeaba agus Zalmuná i gCarcor lena n-arm, timpeall cúig mhíle dhéag fear, a raibh fagtha ar fad d’arm mhuintir an Oirthir. Bhí céad agus a fiche míle de lucht iompair airm ar lár. <sup>11</sup>Ghabh Gideón suas ar feadh bealach na gcarbhan lastoir de Noba agus Iogbahá agus d’ionsaigh sé an t-arm gan choinne. <sup>12</sup>Theith Zeaba agus Zalmuná, chuaigh sé sa tóir orthu, ghabh dhá rí Mhidián, Zeaba agus Zalmuná, agus [scrios] sé an t-arm go léir. <sup>13</sup>Ansin d’fhill Gideón mac Ióáis ón gcath trí Mhám Heireas. <sup>14</sup>Ghabh sé fear óg de mhuintir Shucót, agus cheistigh é agus scríobh seisean síos dó ainmneacha taoisigh agus seanóirí Shucót, seachtar seachtód ar fad. <sup>15</sup>Ansin tháinig sé go muintir Shucót agus dúirt leo: “Seo iad Zeaba agus Zalmuná a ndearna sibh achasán a chaitheamh liom ina dtaobh, á rá: ‘Arán a thabhairt do d’arm traochta! An ea go bhfuil greim agat cheana féin ar Zeaba agus Zalmuná?’” <sup>16</sup>Ansin ghabh sé seanóirí na cathrach, agus fuair sé deilgneach fásaigh agus sceacha agus [stoll] sé muintir Shucót leo. <sup>17</sup>Scríos sé túr Phanúéil agus chuir sé ár mhuintir na cathrach.

<sup>18</sup>Ansin dúirt sé le Zeaba agus Zalmuná: “Cér leis ar chosúil na fir a mharaigh sibh ag Tábór?” “Cosúil leat féin,” ar siad; “ba gheall le mac rí gach duine díobh ar a iompar.”

<sup>19</sup>D’fhreagair Gideón: “Ba dheartháireacha dom iad, clann mo mháthar féin; dar an Tiarna beo, dá ndéanfadh sibh anacal anama orthu, ní chuirfinn chun báis sibh.” <sup>20</sup>Ansin d’ordaigh sé do Ieítir an mac ba shine aige: “Éirigh agus cuir chun báis iad!” Ach níor tharraing an mac a chlaíomh; ní raibh sé de mhisneach aige; ní raibh ann ach ógánach.

<sup>21</sup>Ansin dúirt Zeaba agus Zalmuná: “Éirigh féin agus maraigh sinn; óir tá neart fir de réir mar atá an fear sin.” Ansin d’éirigh Gideón féin agus mharaigh Zeaba agus Zalmuná, agus ghearr anuas na stuanna a bhí ar mhuiníl a gcamall.



## Bás Ghideón

<sup>22</sup>Dúirt muintir Iosrael le Gideón ansin: “Bí i gceannas orainn – thú féin agus do chlann mhac, agus mac do mhic chomh maith, mar d’fhuascail tú sinn as lámh Mhidián.”

<sup>23</sup>Dúirt Gideón leo: “Ní bheidh mise i gceannas oraibh, ná ní bheidh mo mhac i gceannas oraibh; beidh an Tiarna i gceannas oraibh.” <sup>24</sup>Dúirt Gideón leo: “Tá achainí agam oraibh; tugadh gach duine agaibh na fáinní as a chreach dom” – bhí fáinní óir á gcaitheamh ag an dream a cloíodh mar ba Ísméiligh iad. <sup>25</sup>D’fhreagair siad: “Tabharfaimid agus fáilte.”

Leath sé brat ansin agus chaith gach duine díobh na fáinní as a chreach ar an mbrat. <sup>26</sup>Ba é meáchan na bhfainní óir a d’éiligh sé ná míle seacht gcéad seicil óir, seachas na toirc, agus na siogairlíne agus na héidí corcra a chaitheadh ríthe Mhidián, agus na stuanna a bhíodh timpeall ar mhuiníl a gcuid camall. <sup>27</sup>Rinne Gideón éafód de seo go léir agus chuir é ina chathair féin, in Ofrá. Ina dhiaidh rinne Iosrael go léir striapachas ina leith agus ba ghaiste do Ghideón agus dá mhuintir é.

<sup>28</sup>Fuair Iosrael an lámh in uachtar ar Mhidián ar an gcuma sin, agus níor ardaíodar a gceann arís, agus bhí suaimhneas ag an tír ar feadh daichead bliain, fad a mhair Gideón.

<sup>29</sup>Chuaigh Iarubál mac Ióáis i leataobh chun cónaithe ina theach féin. <sup>30</sup>Bhí deichniúr mac agus trí fichid ag Gideón, dá shíolrach féin, mar bhí mórán ban aige. <sup>31</sup>Bhí bean luí aige i Seicim agus rug sí sin mac dó chomh maith, ar ar thug sé Aibímeilic. <sup>32</sup>Bhí seanaois faoi shéan ag Gideón mac Ióáis; d’éag sé agus adhlacadh é i dtuama a athar, Ióáis, in Ofrá na nAibíezreach.



<sup>33</sup>Tar éis bháis do Ghideón chrom clann Iosrael ar striapachas a dhéanamh i ndiaidh na mBál, agus ghlacadar le Bál Beirít mar dhia. <sup>34</sup>Níor chuimhin le hIosrael a thuilleadh an Tiarna a nDia a d'fhuascail iad óna naimhde go léir ina dtimpeall. <sup>35</sup>Ba bheag é a mbuíochas do theaghlach Iarubál (.i. Gideón) ar son a ndearnadar de mhaith d'Iosrael.

## Réimeas Aibímeilic

**9**Chuaigh Aibímeilic mac Iarubál go Seicim, go bráithre a mháthar, agus dúirt leosan agus le fine uile theaghlach a mháthar: <sup>2</sup>“Cuirigí an cheist seo, le bhur dtoil, chun ceannairí Sheicim: ‘Cé acu is fearr daoibh, deichniúr agus trí fichid, clann Iarubál ar fad, a bheith i gceannas oraibh nó aon duine amháin?’ Cuimhnigí leis gur cnámh de bhur gcnámh agus feoil de bhur bhfeoil mise.” <sup>3</sup>Labhair bráithre a mháthar mar sin faoi le ceannairí uile Sheicim, agus tháinig lé acu le hAibímeilic, “Mar,” a dúradar leo féin, “is bráthair dúinn é.” <sup>4</sup>Thugadar seachtó seicil airgid dó as teampall Bhál Bheirít, agus bhain Aibímeilic feidhm as sin mar thuarastal do scaistí gan mhaith a lean é. <sup>5</sup>D'imigh sé leis ansin go teach a athar in Ofrá, agus mharaigh a bhráithre, clann mhac Iarubál, deichniúr agus trí fichid díobh ar an aon leac. Ach d'éalaigh Iótám an mac a ba óige le Iarubál, mar bhí sé imithe i bhfolach.

<sup>6</sup>Chruinnigh ceannairí uile Sheicim agus Bhéit Mileo i gceann a chéile agus cheapadar Aibímeilic ina rí taobh le dair an cholúin i Seicim. <sup>7</sup>Nuair a insíodh é sin do Iótám, ghabh sé suas ar Shliabh Girizím agus sheas ar a mhullach, gur ghlaigh sé os ard orthu á rá:



“Éistigí liomsa, a cheannairí Sheicim,  
i dtreo go n-éistfidh Dia libhse.

<sup>8</sup> Chuaigh na crainn amach tráth  
Chun rí a unghadh dóibh féin  
Agus dúradar leis an gcrann olóige:  
‘Bíse i do rí orainn!’

<sup>9</sup> Dúirt an crann olóige leo, ámh:  
‘An amhlaidh a thréigfidh mise mo mhéathras,  
Lena dtugtar onóir do Dhia agus do dhaoine  
Chun a bheith i réim ar na crainn?’

<sup>10</sup> Agus dúirt na crainn leis an gcrann figí:  
‘Tar thusa, agus bí i do rí orainn.’

<sup>11</sup> Dúirt an crann figí leo, ámh:  
‘An amhlaidh a thréigfidh mise mo mhilseacht  
Agus mo dhea-thoradh  
Chun a bheith i réim ar na crainn?’

<sup>12</sup> Agus dúirt na crainn leis an bhfíniúin:  
‘Tar thusa agus bí i do rí orainn.’



<sup>13</sup> Ach d’fhreagair an fhiniúin iad:  
 ‘An amhlaidh a thréigfidh mise m’fhíon  
 A chuireann áthas croí ar Dhia agus ar dhaoine  
 D’fhonn bheith i réim ar na crainn?’

<sup>14</sup> Ansin dúirt na crainn go léir leis an dris:  
 ‘Tar thusa agus bí i do rí orainn.’

<sup>15</sup> Ach dúirt an dris leis na crainn:  
 ‘Más mian libh dáiríre mise a unghadh i mo rí oraibh féin,  
 Tagaigí ar scáth mo ghéag;  
 É sin nó tagadh tine as an dris  
 Agus loisceadh sí céadrais na Liobáine.’

<sup>16</sup>“Dá réir sin, más le dea-intinn agus le hionracas a rinne sibh rí d’Aibímeilic, agus má bhí sibh go cóir cothrom le Iarubál agus lena theaghlach, agus má chúitigh sibh leis de réir mar a thuill a bheartasan – <sup>17</sup>throid m’athair ar bhur son, chuir sé a anam i bhfiontar, agus d’fhuascail sé sibh ó lámh Mhidián; <sup>18</sup>ach seo sibhse inniu agus ceannairc déanta agaibh in aghaidh theaghlach m’athar, a sheachtó mac básaithe agaibh ar an aon leac, agus Aibímeilic, mac a dhaoirsí, ceaptha mar rí agaibh ar cheannairí Sheicim mar gur gaol daoibh féin é – <sup>19</sup>más le dea-intinn agus le hionracas a phléigh sibh inniu le Iarubál, agus lena chlann, a deirim, gur chúis lúcháire agaibh é Aibímeilic, agus sibhse aigesean. <sup>20</sup>Ach mura ndearna sibh, go dtaga tine as Aibímeilic amach, agus go n-ídí sí muintir Sheicim



agus Bhéit Mileo; agus go dtaga tine as ceannairí Sheicim agus Bhéit Mileo agus go n-ídí sí Aibímeilic.” <sup>21</sup>Theith Iótám leis ansin, agus d’éalaigh go Béar agus chuir faoi ansiúd le heagla roimh Aibímeilic a bhráthair.

<sup>22</sup>Bhí Aibímeilic i réim in Iosrael ar feadh trí bliana. <sup>23</sup>Ansin sheol Dia drochspiorad aighnis idir Aibímeilic agus ceannairí Sheicim, agus rinne ceannairí Sheicim ceannairc in aghaidh Aibímeilic. <sup>24</sup>Is mar sin a bhí d’fhonn go ndéanfaí an choir a rinneadh in aghaidh Iarubál agus a sheachtó mac a agairt, agus go bhfillfeadh a bhfuil sa mhullach ar a mbráthair Aibímeilic a chuir chun báis iad, agus ar cheannairí Sheicim a chabhraigh leis a bhráithre a mharú. <sup>25</sup>Mar olc air, chuir ceannairí Sheicim dream in eadarnaí ar mhullach na sléibhte agus chreachaidís aon duine a ghabh an treo. Insíodh é sin d’Aibímeilic.

<sup>26</sup>Tháinig Gál mac Eibid agus a ghaolta isteach i Seicim agus thug ceannairí Sheicim a n-iontaobh leis. <sup>27</sup>Ghabhadar amach faoin tuath chun a bhfiniúna a chnuasach sna fíonghoirt; bhrúdar iad; rinneadar ceiliúradh agus chuadar isteach i dteach a ndé; d’itheadar, d’óladar agus chaitheadar mallacht le hAibímeilic. <sup>28</sup>Dúirt Gál mac Eibid: “Cé he Aibímeilic, seachas sinne, muintir Sheicim, a rá is go ndéanfaimis fónamh dó? Nár chirte do mhac Iarubál agus Zabul, a leagáid, fónamh do mhuintir Hamór, athair Sheicim? Cén fáth go mbeimis inar ndaoir aige? <sup>29</sup>Cé chuirfidh an pobal seo faoi mo cheannas? Ansin thiomáinfinn amach Aibímeilic agus déarfainn le hAibímeilic: ‘Méadaigh d’arm agus tar amach.’” <sup>30</sup>Nuair a chuala Zabul rialtóir na cathrach focail Ghál mac Eibid d’adhain a fhearg. <sup>31</sup>Chuir sé teachtairí go hAibímeilic in Arúmá á rá: “Féach, tá Gál mac Eibid agus a ghaolta tagtha go Seicim agus tá an chathair a griogadh acu i d’aghaidh.

<sup>32</sup>Tar féin agus do lucht leanúna dá bhrí sin i gcoim na hoíche agus téigh in eadarnaí



orthu sna bánta.<sup>33</sup> Ansin le héirí gréine ar maidin, éirigh amach go tapa agus tabhair faoin gcathair. Nuair a thioctaidh Gál agus a chuid fear i d'aghaidh cuir an cluiche air de réir mar a oirfidh.”<sup>34</sup> Chuir Aibímeilic agus a lucht leanúna go léir chun bealaigh dá bhrí sin i gcoim na hoíche, agus chuadar in eadarnaí ar Sheicim ina gceithre díormaí.<sup>35</sup> Ghabh Gál mac Eibid amach agus mhoilligh ag béal gheata na cathrach; agus d'éirigh Aibímeilic agus a lucht leanúna as láithreacha eadarnaí.<sup>36</sup> Nuair a chonaic Gál na fir dúirt sé le Zabul: “Féach, seo fir anuas ó mhullach na sléibhte.” “Is ann is dóigh leat,” arsa Zabul leis, “gur fir iad scáthanna na sléibhte.”<sup>37</sup> “Seo fir,” arsa Gál arís, “ag teacht anuas ó Imleacán na Tíre, agus díorma eile ag teacht ó Dhair na nAsarlaithe.”<sup>38</sup> “Cá bhfuil an béal mór sin agat anois?” arsa Zabul leis, “tusa, a dúirt, ‘Cé hé Aibímeilic a rá is go ndéanfaimis fónamh dó?’ Nach iad seo an mhuintir dá ndearna tú beagsea? Amach leat anois dá bhrí sin agus cuir cath orthu!”<sup>39</sup> Ghabh Gál amach, dá bhrí sin, ar cheann slua cheannairí Sheicim agus chuir cath ar Aibímeilic.<sup>40</sup> Chuir Aibímeilic an ruaig air, agus theith sé roimhe, agus maraíodh a lán a treascraíodh sular bhféidir dóibh geataí na cathrach a shroicheadh.<sup>41</sup> D’fhill Aibímeilic ansin ar Arúmá agus dhíbir Zabul Gál agus a ghaolta agus choisce orthu maireachtáil i Seicim.

## Scríos Sheicim agus Bás Aibímeilic

<sup>42</sup>Lá arna mhárach chuaigh na fir amach sna goirt, agus chuala Aibímeilic ina thaobhsan.<sup>43</sup> Thug sé leis a chuid fear, roinn iad ina dtrí díormaí agus chuaigh in eadarnaí sna goirt. Nuair a chonaic sé na fir ag teacht as an gcathair, d’ionsaigh sé iad agus



dhíothaigh iad. <sup>44</sup>Ghabh Aibímeilic agus an díorma a bhí in éineacht leis ar aghaidh go láithreacha ag béal gheata na cathrach, ach d'ionsaigh an dá dhíorma eile na fir go léir sna goirt agus chuireadar a n-ár. <sup>45</sup>Chaith Aibímeilic an lá sin go léir ag ionsaí na cathrach; ghabh sé í de ruathar, mharaigh a raibh inti, scartáil an chathair ó bhonn agus chuir salann mar shíol inti. <sup>46</sup>Nuair a chuala ceannairí Thúr Sheicim é sin, chuadar chun tearmainn i lusca theampall Éil Beirít. <sup>47</sup>Nuair a chuala Aibímeilic go raibh ceannairí Thúr Sheicim go léir cruinnithe ansiúd, <sup>48</sup>ghabh sé Sliabh Zalmón suas lena chuid fear go léir. Ansin rug sé greim ar thua, ghearr anuas gabháil bhrosna, d'ardaigh agus chuir ar a ghualainn é. Agus dúirt sé leis an muintir a bhí in éineacht leis: “Déanaigí aithris ar a bhfuil déanta agamsa, agus déanaigí sin go tapa.” <sup>49</sup>Ghearr gach duine díobh a ghabháil bhrosna dá bhrí sin, agus lean Aibímeilic agus leag ar an lusca é, agus chuireadar an lusca trí thine ar a mullach. Díscíodh muintir Thúr Sheicim uile chomh maith, timpeall míle fear agus bean.

<sup>50</sup>Ansin chuaigh Aibímeilic in aghaidh Théibéiz agus chuir léigear air agus ghabh é de ruathar. <sup>51</sup>Ach bhí túr daingean sa chathair agus theith muintir na cathrach go léir, idir fhir agus mhná, chun dídine ann; d'iadar an doras agus chuadar in airde ar dhíon an túir. <sup>52</sup>Tháinig Aibímeilic chun an túir, agus d'ionsaigh é. Nuair a bhí sé ag déanamh ar dhoras an túir chun é a chur trí thine, <sup>53</sup>chaith bean éigin bró uachtair mhuillinn anuas sa mhullach air agus bhris a bhlaosc. <sup>54</sup>Ghlaoigh sé ar an toirt ar a ghiolla airm agus dúirt leis: “Tarraing do chlaíomh gan mhoill agus cuir chun báis mé, d'fhonn nach ndéarfá fúm: ‘Mharaigh bean é!’” Rop a ghiolla claíomh tríd dá bhrí sin agus fuair sé bás. <sup>55</sup>Nuair





a chonaic saighdiúirí Iosrael go raibh Aibímeilic ar lár, d'ímíodar leo, gach duine chun a thí féin.

<sup>56</sup>Rinne Dia ar an gcuma sin an choir a rinne Aibímeilic in aghaidh a athar, nuair a mharraigh sé a sheachtó deartháir, a agairt air. <sup>57</sup>Agus thug Dia coirpeacht uile mhuintir Sheicim ar ais sa mhullach orthu féin agus tháinig mallacht Iótám mac Iarubál orthu chomh maith.

## Mion-Bhreithiúna

**10**Tar éis Aibímeilic, d'éirigh Tólá mac Phúá mac Dhódó, chun Iosrael a fhuascailt. Ba de threibh Íosácár é agus bhí cónaí air i Seámaír i sléibhte Eafráim. <sup>2</sup>Ba bhreitheamh in Iosrael é ar feadh trí bliana fichead; d'éag sé ansin agus cuireadh é i Seámaír.

<sup>3</sup>Ina dhiaidhsean, d'éirigh Iáir ó Ghileád, agus ba bhreitheamh in Iosrael é ar feadh dhá bhliain fhichead. <sup>4</sup>Bhí deich mac fichead aige a dhéanadh marcaíocht ar dheich n-asal fichead; bhí deich gcathair fichead acu ar a dtugtar Longfoirt Iáir go dtí an lá inniu; tá siad i dtír Ghileád. <sup>5</sup>D'éag Iáir agus cuireadh é i gCámón.

<sup>6</sup>Rinne pobal Iosrael an t-olc arís i bhfianaise an Tiarna. D'fhónadar do na Bálaím agus do na hAisteárót, do dhéithe Arám agus do dhéithe Shíodón, do dhéithe Mhóáb agus do dhéithe na nAmónach agus do dhéithe na bhFilistíneach; thréigeadar an Tiarna agus níor fhónadar dó a thuilleadh. <sup>7</sup>Ansin bhladhm fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael agus thug sé ar láimh iad do na Filistínigh agus do na hAmónaigh, <sup>8</sup>agus ón mbliain sin ar



aghaidh rinneadarsan cos ar bolg agus géarleanúint ar feadh ocht mbliana déag ar chlann Iosrael – ar chlann Iosrael go léir a bhí ag cur fúthu lastall den Iordáin i gcríocha na nAmórach atá i nGileád. <sup>9</sup>Tháinig na hAmónaigh freisin thar Iordáin anall chun troid in aghaidh Iúdá agus Bhiniáimin agus teaghlach Eafráim, agus bhí Iosrael i gcruachás agus in éigean.

<sup>10</sup>Ansín ghlaoigh clann Iosrael ar an Tiarna agus dúradar: “Pheacaíomar i d’aghaidh, mar gur thréigear ar nDia agus gur fhónamar do na Bálaím.” <sup>11</sup>D’fhreagair an Tiarna clann Iosrael: “Nár fhuascail mé sibh ó na hÉigiptigh, na hAmóraigh, na hAmónaigh, na Filistínigh, <sup>12</sup>na Síodónaigh, Amáiléc agus Midián, nuair a rinne siadsan cos ar bolg oraibh agus gur ghlaoigh sibh orm? <sup>13</sup>Dá ainneoin sin, thréig sibh mise agus rinne sibh fónamh do dhéithe eile; uime sin ní dhéanfaidh mé fuascailt oraibh arís. <sup>14</sup>Imígí agus glaoigí ar na déithe is rogha libh! Déanaidís-sean sibh a fhuascailt in am an ghátair!” <sup>15</sup>D’fhreagair clann Iosrael an Tiarna: “Pheacaíomar! Déan do rogha rud linn, ach fuascail sinn, impíimid ort, inniu féin!” <sup>16</sup>Chaitheadar uathu na déithe deoranta a bhí acu agus rinneadar fónamh don Tiarna, agus níorbh fhéidir dósan cur suas leis an ngéarleanúint ar Iosrael a thuilleadh.

<sup>17</sup>Thionóil na hAmónaigh agus shuíodar a longfort i nGileád. Chruinnigh clann Iosrael agus shuíodar a longfort i Mizpeá. <sup>18</sup>Ansín dúirt na daoine, ceannairí Ghileád, le chéile: “Cé chuirfidh ceann ar an gcath in aghaidh na nAmónach? Bíodh seisean i gceannas ar an muintir go léir atá ag cur fúthu i nGileád.”



## Iaftá

**1** Gaiscíoch tréan a ba ea Iaftá an Gileádach, ach ba mhac striapaí é. Ba é Gileád athair Iaftá. <sup>2</sup>Bhí clann mhac ag bean Ghileád chomh maith, agus nuair a d'fhás clann a mhná, thiomáineadar Iaftá amach, agus dúradar leis: “Ní bheidh aon chuid agat i dteach ár n-athar, mar is mac mná deoranta thú.” <sup>3</sup>Theith Iaftá óna bhráithre agus chuir faoi i dtír Thób. Bhailigh scairstí gan mhaith ina thimpeall agus théidís ag creachadh in éineacht leis.

<sup>4</sup>Tar éis tamaill chuaigh na hAmónaigh chun cogaidh le hIosrael. <sup>5</sup>Nuair a chuaigh na hAmónaigh chun cogaidh le hIosrael chuaigh seanóirí Ghileád ag triall ar Iaftá chun é a bhreith leo ó thír Thób. <sup>6</sup>Dúradar le Iaftá: “Tar agus gabh ceannas orainn i dtreo go gcuirfimis cogadh ar na hAmónaigh.” <sup>7</sup>Ach dúirt Iaftá le seanóirí Ghileád: “Nach sibhse a thug fuath dom agus a thiomáin as teach m’athar amach mé? Cad a b’áil libh ag teacht chugam anois agus sibh i gcruachás?” <sup>8</sup>Agus dúirt seanóirí Ghileád le Iaftá: “Sin é díreach an fáth gur chasamar ort anois; tar linn; cuir cogadh ar na hAmónaigh agus bí i do cheann orainn, i do cheann ar a bhfuil ina gconaí i nGileád.” <sup>9</sup>D’fhreagair Iaftá seanóirí Ghileád: “Má thugann sibh ar ais abhaile mé le troid leis na hAmónaigh, agus go dtugann an Tiarna an lámh in uachtar dom orthu, an mbeidh mé i mo cheann oraibh?”

<sup>10</sup>Dúirt seanóirí Ghileád le Iaftá: “Go raibh an Tiarna ina fhinné eadrainn! Go raibh mallacht orainn mura ndéanfimid mar a dúirt tú!” <sup>11</sup>Chuir Iaftá chun bóthair dá bhrí sin le seanóirí Ghileád, agus cheap na daoine mar cheann agus mar cheannasaí orthu féin é; rinne Iaftá a choinníollacha go léir a aithris arís i Mizpeá i bhfianaise an Tiarna.



<sup>12</sup> Ansin chuir Iaftá teachtairí go rí na nAmónach á rá leis: “Cad é an t-aighneas seo eadrainn a rá is gur tháinig tú chugam chun cogaidh a chur ar mo thír?” <sup>13</sup> D’fhreagair rí na nAmónach teachtairí Iaftá: “Mar, nuair a bhí Iosrael ag teacht as an Éigipt, ghabhadar seilbh ar mo thírse ón Arnón go dtí an Iaboc, agus go dtí an Iordáin. Tabhair ar ais é go síochánta anois, dá bhrí sin.” <sup>14</sup> Chuir Iaftá teachtairí go rí na nAmónach <sup>15</sup> leis an bhfreagra: “Mar seo a deir Iaftá: Níor ghabh Iosrael tír Mhóab ná tír na nAmónach, <sup>16</sup> ach nuair a tháinig Iosrael aníos ón Éigipt, chuaigh siad tríd an bhfásach go dtí Muir na nGioldach agus shroicheadar Cáidéis. <sup>17</sup> Ansin chuir Iosrael teachtairí go rí Eadóm á rá: ‘Lig dúinn gabhail trí do thír, le do thoil’; ach ní éistfeadh rí Eadóm. Chuireadar teachtairí go rí Mhóáb chomh maith, ach ní bheadh sé sásta. D’fhan Iosrael i gCáidéis dá bhrí sin. <sup>18</sup> Ansin ghabhadar tríd an bhfásach agus timpeall ar thír Eadóm agus ar thír Mhóáb nó go rabhadar lastoir de chríocha Mhóáb. Shuigh an pobal a longfort taobh thall den Arnón, gan dul thar teorainn Mhóáb, mar is í an Arnón féin teorainn Mhóáb. <sup>19</sup> Ansin chuir Iosrael teachtairí go dtí Síochon rí na nAmórach a bhí i réim i Heisbeon, agus dúirt Iosrael leis: ‘Lig dúinn, le do thoil, gabháil trí do thalamh go dtí ár dtír féin.’ <sup>20</sup> Ach ní ligfeadh Síochon d’Iosrael gabháil trína chríocha; chruinnigh sé a mhuintir ó léir le chéile dá bhrí sin, shuíodar a longfort i Iáhaz, agus chuir sé cath ar Iosrael. <sup>21</sup> Thug an Tiarna Dia Iosrael Síochon agus a mhuintir go léir ar láimh d’Iosrael; bhris Iosrael orthu <sup>22</sup> agus ghabh seilbh ar chríocha uile na nAmórach ó Arnón go Iaboc agus ó fhásach go Iordáin. <sup>23</sup> Má dhíbir an Tiarna Dia Iosrael na hAmóraigh ó Arnón go Iaboc, roimh a phobal Iosrael, an ndéanfaidh do leithéidse sinn a chur as seilbh anois? <sup>24</sup> Nach bhfuil greim agaibh ar gach ar bhain Camóis bhur ndia dá sealbhóirí? Tá greim againne chomh



maith ar gach ar bhain an Tiarna ár nDia dá sealbhóirí. <sup>25</sup> An fearr d'fhear thú ná Bálár mac Zipeor rí Mhóab? Ar thug seisean dúshlán Iosrael riamh? Ar chuir sé cogadh riamh orthu? <sup>26</sup> Fad a bhí Iosrael ag cur fúthu i Heisbeon agus ina shráidbhailte, nó in Aroéir agus ina shráidbhailte nó in aon cheann de na cathracha ar bhruach na Iordáine (ar feadh trí chéad bliain), cad ina thaobh nár ghnóthaigh sibh na háiteanna sin ar ais i gcaitheamh an ama sin? <sup>27</sup> Maidir liomsa, ní dhearna mé aon choir i bhur n-aghaidh, ach tá sibhse ag déanamh éagóra orm trí bheith ag cur cogaidh orm. Tugadh an Tiarna, an breitheamh, breith inniu idir clann Iosrael agus na hAmónaigh.” <sup>28</sup> Níor thug rí na nAmónach aon aird ar an teachtaireacht a chuir Iaftá chuige.

## Móid agus Bua Iaftá

<sup>29</sup> Tháinig spiorad an Tiarna ar Iaftá agus ghabh sé sin trí Ghileád anonn agus trí Mhanaise gur shroich sé Mizpeá i nGileád agus ghluais sé ó Mhizpeá i nGileád ar chúl na nAmónach. <sup>30</sup> Agus thug Iaftá móid don Tiarna agus is é a dúirt sé: “Má thugann tú na hAmónaigh suas dom <sup>31</sup> is leis an Tiarna go dearfa an té is túisce a thiocfaidh i mo dháil as doirse mo thí agus mé ag casadh abhaile go caithréimeach tar éis cath a chur ar na hAmónaigh agus déanfaidh mé an duine sin a ofráil ina íobairt uileloiscthe.” <sup>32</sup> Ghabh Iaftá sall chun catha in aghaidh na nAmónach mar sin agus thug an Tiarna isteach ina láimh iad. <sup>33</sup> Rinne sé iad a chiapadh ó Aroéir geall leis go Minít (fiche cathair) agus go hÁbael Carámaím gur chuir a n-ár agus a n-eirleach i dtreo gur cloíodh na hAmónaigh ag clann Iosrael.



<sup>34</sup>Tháinig Iaftá ar ais chun a thí féin i Mizpeá ansin agus féach, tháinig a iníon amach ina dháil le ceol tiompán agus le rince. Ba í a leanbh aonair í, mar ní raibh mac ná iníon aige ach ise amháin. <sup>35</sup>Nuair a chonaic sé í stróic sé a chuid éadaigh agus dúirt: “Uch, a iníon ó, cad é mar bhrón a chuireann tú orm! Mo mhairg gur thusa is cúis le mo chumha. Óir thug mé gealltanais don Tiarna agus ní thig liom dul siar ar mo mhóid.” <sup>36</sup>Agus dúirt sise leis: “A athair, má thug tú gealltanais don Tiarna, déan de réir na móide a rinne tú, ó d’imir an Tiarna díoltas thar do cheann ar do naimhde, ar na hAmónaigh.” <sup>37</sup>Lean sí uirthi agus dúirt lena hathair: “Déantar an méid seo ar mo shonsa: lig dom imeacht uait agus dhá mhí a chaitheamh ar na sléibhte chun go gcaoinfidh mé m’óghacht i bhfochair mo chompánach.” <sup>38</sup>D’fhreagair seisean: “Imigh leat,” agus lig sé uaidh í go ceann dhá mhí. D’imigh sí mar sin, í féin agus a compánaigh, agus chaoin sí a hóghacht ar na sléibhte. <sup>39</sup>Agus i gceann dhá mhí, tháinig sí ar ais chun a hathar agus rinne seisean léi de réir na móide a bhí tugtha aige. Níor chuir sí aithne riamh ar fhear. Rinne nós de in Iosrael <sup>40</sup>go dtéadh cailíní óga Iosrael gach bliain chun iníon Iaftá, an Gileádach, a chaoineadh ar an sliabh ar feadh ceithre lá sa bhliain.

## Cogaíocht

**12** Tionóladh fir Eafraím, agus chuadar sall i dtreo Záfón, agus dúradar le Iaftá: “Cén fáth a ndeachaigh tú sall chun catha leis na hAmónaigh gan a iarraidh orainne dul leat? Cuirfimid do theach trí thine ar do mhullach.” <sup>2</sup>D’fhreagair Iaftá iad: “Bhí brú mór orm féin agus ar mo mhuintir; bhí na hAmónaigh ag luí go crua orainn. Ghlaigh mé



oraibh teacht, ach níor fhuascail sibh mé as a lámha.<sup>3</sup> Nuair a chonaic mé nach dtiocfadh sibh i gcabhair orm, chuir mé m'anam i bhfiontar agus chuir mé chun bóthair in aghaidh na nAmónach, agus thug an Tiarna ar lámh dom iad. Cén fáth a bhfuil sibhse ag teacht inniu chun cogadh a chur orm?"<sup>4</sup> Ansin chruinnigh Iaftá sluaite Ghileád go léir agus chuir cath ar Eafráim, agus chuir sluaite Ghileád an teitheadh ar Eafráim mar go raibh siadsan á rá: "Níl ionaibh ach lucht tréigthe Eafráim, a Ghileádacha, i lár Eafráim agus Mhanaise!"<sup>5</sup> Ghabh na Gileádaigh áthanna na Iordáine ar na hEafráimigh. Ansin nuair a deireadh aon teifeach ó Eafráim: "Scaoil anonn mé!" deireadh fir Ghileád: "An as Eafráim duit?" Nuair a deireadh sé: "Ní hea,"<sup>6</sup> deiridís leis: "Abair *sibolet* más ea," agus deireadh sé: "*Suibolet*," mar nach bhfeadfadh sé an focal a fhoghrú i gceart. Ansin ghabhaidís é agus chuiridís chun báis é ag áthanna na Iordáine. Cailleadh dhá mhile agus daichead d'fhir Eafráim an uair sin.

<sup>7</sup> Bhí Iaftá ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh sé bliana. Ansin d'éag Iaftá an Gileádach agus adhlacadh é ina chathair féin, Mizpeá i nGileád.

## Mion-Bhreithiúna

<sup>8</sup> Ina dhiaidhsean bhí Ibzeán ó Bheithil ina bhreitheamh in Iosrael. <sup>9</sup> Bhí deichniúr is fiche mac aige agus deichniúr agus fiche iníon. Thug sé a iníonacha le pósadh lasmuigh dá fhine, agus thug deichniúr is fiche brídeog isteach chun a chlann mhac. Bhí sé ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh seacht mbliana. <sup>10</sup> Ansin fuair Ibzeán bás agus adhlacadh é i mBeithil.



<sup>11</sup>Bhí Éalón as Zabúlun ina bhreitheamh in Iosrael ina dhiaidh. Bhí sé ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh deich mbliana. <sup>12</sup>Ansín d'éag Éalón as Zabúlun agus adhlacadh é in [Éalón] i dtír Zabúlun.

<sup>13</sup>Bhí Abdón mac Hilléil ó Phireátón ina bhreitheamh ina dhiaidh. <sup>14</sup>Bhí daichead mac agus tríocha mac mic aige agus dhéanadís marcaíocht ar seachtó asal. Bhí sé ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh ocht mbliana. <sup>15</sup>Ansín d'éag Abdón mac Hilléil agus adhlacadh é i bPireátón i dtír Eafraím in ardáin na nAmailéiceach.

## Samsón

**13** Chrom clann Iosrael ar an olc a dhéanamh arís i bhfianaise an Tiarna, agus thug an Tiarna ar láimh iad do na Filistínigh ar feadh daichead bliain.

<sup>2</sup>Bhí fear ó Zorá de threibh Dhán darbh ainm Mánóach, agus bhí a bhean aimrid, gan aon chlann uirthi. <sup>3</sup>Thaispeáin aingeal an Tiarna é féin don bhean seo agus dúirt sé léi: “Féach, tá tú aimrid, gan chlann (ach gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac). <sup>4</sup>Bí ar d’aire le barr cúraim dá bhrí sin as seo amach, agus ná hól aon fhíon ná aon deoch chrua, agus ná hith aon ní neamhghlan, <sup>5</sup>mar féach, gabhfaidh tú gin agus bearfaidh tú mac. Ná luíodh rásúr ar a cheann mar beidh an mac ina naizíreach do Dhia ó bhroinn a mháthar; eisean a chuirfidh tús le fuascailt Iosrael ó láimh na bhFilistíneach.” <sup>6</sup>D’imigh an bhean ansin agus dúirt lena céile: “Tháinig giolla ó Dhia chugam agus bhí a ghnúis mar ghnúis aingeal Dé le maorgacht. Níor chuir mé ceist air cár bh as dó, ná níor inis seisean dom cad ab ainm dó. <sup>7</sup>Ach dúirt sé liom: ‘Gabhfaidh tú gin, féach, agus béarfaidh tú mac; ná hól





aon fhíon ná aon deoch chrua, dá bhrí sin, agus ná hith aon ní neamhghlan, mar beidh an mac ina naizíreach do Dhia ó lá a shaolaithe go lá a bháis.”

<sup>8</sup> Ansin rinne Mánóach achainí chun an Tiarna agus dúirt: “A Thiarna, tagadh, impím ort, an giolla Dé a chuir tú cheana, chugainn arís; agus múineadh sé dúinn céard atá le déanamh againn leis an mac nuair a shaolófar é.” <sup>9</sup> D’éist an Tiarna le glór Mhánóach agus tháinig aingeal Dé arís chun na mná agus í ina suí sa ghort, gan Mánóach a céile ina teannta. <sup>10</sup> Rith sí le teann deabhaidh agus dúirt lena fear: “Féach, an fear a tháinig chugam an lá eile, thaibhsigh sé arís dom.” <sup>11</sup> D’éirigh Mánóach agus lean a bhean agus tháinig chun an fhir agus dúirt leis: “An tú an té a labhair leis an mbean seo?” “Is mé,” ar sé. <sup>12</sup> Ansin dúirt Mánóach: “Anois, nuair a chomhlíonfar do bhriathra, cén sort riail bheatha a bheidh ag an ógánach agus conas a dhéanfaidh sé é féin a iompar?” <sup>13</sup> Agus dúirt aingeal an Tiarna le Mánóach: “Na nithe a choisic mé ar an mbean seo, seachnaíodh [seisean] chomh maith. <sup>14</sup> Ná blaiseadh [sé] aon ní de thoradh na fíniúna, agus ná hóladh sé aon fhíon ná aon deoch chrua, agus ná hitheadh sé aon ní neamhghlan; déanadh sé de réir na n-orduithe go léir a thug mé don bhean seo.”

<sup>15</sup> Dúirt Mánóach le haingeal an Tiarna: “Fan farainn, le do thoil, nó go n-ullmhóimid meannán duit,” <sup>16</sup> mar nach raibh a fhios ag Mánóach gurbh é aingeal an Tiarna é. Dúirt aingeal an Tiarna le Mánóach: “Fiú amháin má fhanaim faraibh, ní íosfaidh mé bhur mbia; ach más mian libh íobairt uileloiscthe a dhéanamh, ofráil í don Tiarna.” <sup>17</sup> Ansin dúirt Mánóach le haingeal an Tiarna: “Cad is ainm duit, i dtreo go dtabharfaimís ómós duit nuair a chomhlíonfar do bhriathra?” <sup>18</sup> D’fhreagair aingeal an Tiarna é: “Cad a ba áil leat ag fiafraí m’ainm díom, mar is iontach é.” <sup>19</sup> Ansin thóg Mánóach an meannán leis an



abhlann agus d’ofráil é mar uileoscadh ar an gcarraig don Tiarna, an té a dhéanann iontais a chur i gcrích. <sup>20</sup>Nuair a bhí an bhladh ag dul in airde chun na bhflaitheas ón altóir, ghabh aingeal an Tiarna suas i lasracha na haltóra os comhair súl Mhánóach agus a mhná, agus thiteadar ar a mbéal agus ar a bhfiacra ar an talamh. <sup>21</sup>Níor thaispeáin aingeal an Tiarna é féin a thuilleadh do Mhánóach agus dá bhean; thuig Mánóach as sin gurbh é aingeal an Tiarna a bhí ann. <sup>22</sup>Ansin dúirt Mánóach lena bhean: “Gheobhaimid bás, gheobhaimid, mar chonaiceamar Dia.” <sup>23</sup>Ach dúirt a bhean leis: ‘Dá mba mhian leis an Tiarna sinn a chur chun báis, ní ghlacfaid sé íobairt uileloiscithe ná abhlann ónár lámha, ní thaispeánfaid sé na nithe seo go léir dúinn, ná ní inseodh sé a leithéidí seo dúinn.’ <sup>24</sup>Rug an bhean mac agus thug sí Samsón air. D’fhás an leanbh, agus chuir an Tiarna a bheannacht air, <sup>25</sup>agus thosaigh spiorad an Tiarna ar é a spreagadh i Longfort Dhán idir Zorá agus Eisteáól.

## Pósadh Shamsón

**14** Chuaigh Samsón síos go Timneá agus luigh a shúil ansiúd ar cheann d’iníonacha na bhFilistíneach. <sup>2</sup>D’fhill sé ar ais ansin agus d’inis é sin dá athair agus dá mháthair. “Chonaic mé,” ar sé, “ceann d’iníonacha na bhFilistíneach i dTimneá. Faighigí dom í le bheith mar bhean agam.” <sup>3</sup>Dúirt a athair agus a mháthair leis: “An bhfuil aon bhean ar iníonacha do ghaolta, nó do chine go léir, a rá is go gcaitheann tú dul agus bean a fhail i measc na bhFilistíneach gan timpeallghearradh?” D’fhreagair Samsón a athair: “Faigh í seo dom, faigh sin! Mar taitníonn sí go mór liom.” <sup>4</sup>Ní raibh a fhios ag a athair



ná ag a mháthair gur ón Tiarna a tháinig sé sin go léir; óir bhí seisean ag lorg iarraim cúis chugat chun na bhFilistíneach, mar bhí na Filistínigh i gceannas ar Iosrael an t-am úd.

<sup>5</sup>Chuaigh Samsón síos go Timneá ansin (lena athair agus lena mháthair). Ag druidim le fíonghoirt Thimneá dó, chonaic sé leon óg ag teacht faoina dhéin agus é ag glamaíl.

<sup>6</sup>Tháinig spiorad an Tiarna go tréan air agus stoll sé an leon ó chéile mar a dhéanfadh duine le meannán; ach níor inis sé dá athair ná dá mháthair céard a rinne sé. <sup>7</sup>Ghabh sé síos ansin agus labhair sé leis an mbean agus thaitin sí go mór leis. <sup>8</sup>D’fhill Samsón go luath ina dhiaidh sin chun í a phósadh. Chuaigh sé i leataobh chun conablach an leoin a fheiceáil, agus, féach! bhí saithe beach i gcabhair an leoin, agus roinnt meala. <sup>9</sup>Scríob sé cuid den mhil amach ina láimh agus d’ith í ag gabháil an bhóthair. Nuair a d’fhill sé ar a athair agus ar a mháthair, thug sé roinnt dóibhsean freisin; d’ith siadsan leis an mhil, ach níor inis sé dóibh gur thóg sé í ó chonablach an leoin. <sup>10</sup>Ghabh a athair síos ansin go dtí an bhean, agus rinneadar féile do Shamsón ansiúd ar feadh seacht lá, mar ba nós le fir óga. <sup>11</sup>Ach nuair a fuairadar radharc air, thoghadar deichniúr comrádaí ar fhichid chun fanacht ina theannta.

<sup>12</sup>Ansin dúirt Samsón leo: “Cuirim tomhas chugaibh. Má bhíonn an freagra agaibh dom agus a fháil amach céard é laistigh de sheacht lá na féile, tabharfaidh mé tríocha brat de línéadach mín, agus tríocha éide aonaigh daoibh. <sup>13</sup>Ach mura féidir daoibh teacht ar an bhfreagra dom, tabharfaidh sibhse ansin tríocha brat de línéadach mín agus tríocha éide aonaigh domsa.” “Cuir do thomhas chugainn!” ar siad leis, “táimid ag éisteacht.” <sup>14</sup>Dúirt sé leo dá bhrí sin:



“As an iteoir, tháinig rud le hithe;  
As an tréan, tháinig an milis.”

Ar feadh trí lá chuaigh díobh an tomhas a réiteach. <sup>15</sup> Ar an gceathrú lá dúradar le bean Shamsón: “Meall d’fhear chun réiteach an tomhais a thabhairt dúinn, nó dófaimid thú féin agus teach d’athar. An chun sinn a chreachadh a thug tú cuireadh anseo dúinn?” <sup>16</sup> Ansin chrom bean Shamsón ar na deora a shileadh ina láthair a rá: “Ní grá atá agat dom ar ndóigh, ach fuath. Chuir tú tomhas chun mo mhuintire, ach níor bhac tú fiú leis an bhfreagra a insint dom.” Agus dúirt sé léi: “Féach, níor inis mé é fiú do m’athair ná do mo mháthair, agus an amhlaidh a d’inseoinn duitse é?” <sup>17</sup> Bhí sí ag sileadh na ndeor os a chomhair ar feadh na seacht lá a mhair a bhféile, agus ar an seachtú lá d’inis sé an freagra di mar gur lean sí uirthi chomh dian sin. Ansin d’inis sise freagra an tomhais dá muintir.

<sup>18</sup> Ar an seachtú lá sula ndeachaigh Samsón isteach i seomra na lanúine, dúirt fir na cathrach leis:

“Cad is milse ná mil?  
Cad is tréine ná leon?”

D’fhreagair sé:

“Gan treabhadh le mo bhodóg  
Ní bhfaigheadh sibh fios mo thomhais.”

<sup>19</sup> Ansin tháinig spiorad an Tiarna air go tréan agus chuaigh sé síos go hAiscileon agus mharaigh deichniúr is fiche de mhuintir an bhaile, thug leis a gcreach, agus thug a n-éidí aonaigh dóibh siúd a réitigh an tomhas. D’fhill sé ar a athair ansin agus cuthach feirge air.

<sup>20</sup> Tugadh bean Shamsón dá chomrádaí, an té a sheas leis.



## Gaisce Shamsón

**15** Tamaillín ina dhiaidh sin, i bhfómhar an arbhair, chuaigh Samsón ar ais ar thuairisc a mhná agus meannán aige di. “Rachaidh mé isteach ina seomra chun mo mhná,” ar sé. Ach ní ligfeadh a hathair isteach é. <sup>2</sup>Agus dúirt sé: “Bhí mé deimhin de go raibh tú bréan ar fad di; thug mé í do do chomrádaí dá bhrí sin. Nach dathúla an deirfiúr is óige ná í? Tóg ise ina háit, le do thoil.” <sup>3</sup>Dúirt Samsón leo: “Níl le déanamh agam anois chun sásamh a bhaint amach ó na Filistínigh ach díobháil a dhéanamh dóibh.” <sup>4</sup>D’imigh Samsón leis dá bhrí sin agus rug ar thrí chéad sionnach; fuair sé lóchrainn, chuir na sionnaigh eireaball le heireaball agus chuir lóchrann idir gach dhá eireaball. <sup>5</sup>Las sé na lóchrainn ansin agus scaoil leis na sionnaigh isteach i ngoirt arbhair na bhFilistíneach agus chuir idir phunanna agus arbhar gan baint trí thine, agus na fíniúna agus na crainn ológ chomh maith. <sup>6</sup>“Cé rinne é seo?” arsa na Filistínigh. Sé freagra a fuaireadar: “Samsón, cliamhain fhear Thimneá, mar gur thóg seisean a bhean ar ais uaidh agus gur thug í dá chomrádaí ina ionad.” Tháinig na Filistínigh aníos agus loisceadar í féin agus a [teaghlach] le tine. <sup>7</sup>Dúirt Samsón leo: “Más mar sin a dhéanann sibh sibh féin a iompar, ar mo leabhar nach scoirfidh mé nó go ndéanfaidh mé mé féin a agairt oraibh.” <sup>8</sup>Ansin thug sé fúthu ó thalamh agus thug ár agus eirleach orthu; síos leis ansin chun na pluaise i gCarraig Éatám agus d’fhan ansiúd.

<sup>9</sup>Tháinig na Filistínigh aníos ansin agus shuíodar a longfort in Iúdá; rinneadar ionradh ar Leichí. <sup>10</sup>Ansin dúirt muintir Iúdá leo: “Cad a ba áil libh ag tabhairt fogha fúinne?” “Thángamar aníos,” ar siad, “chun greim a fháil ar Shamsón, agus an cor céanna a



thabhairt air agus a thug seisean orainne.” <sup>11</sup> Ansin chuaigh trí mhíle d’fhir Iúdá síos go dtí an phluais i gCarraig Éatám, agus dúradar le Samsón: “Nach bhfuil fhios agat go bhfuil na Filistínigh i gceannas orainn? Cad é seo, más ea, atá déanta agat orainn?” Dúirt sé leo: “Thug mé an cor céanna orthu agus a thug siadsan ormsa.” <sup>12</sup> Agus dúradar leis: “Thángamar anuas chun tú a chur i gcuibhreacha agus tú a thabhairt ar lámh do na Filistínigh.” Dúirt sé leo: “Tugaigí mionn nach maróidh sibh féin mé.” <sup>13</sup> D’fhreagair siad: “Ní mharóimid; níl uainn ach thú a chur i gcuibhreacha agus a thabhairt suas dóibh; ní baol go maróimidne thú.” Cheanglaíodar é le dhá théad nua, agus thug siad aníos ón gCarraig é.

<sup>14</sup> Ag teacht i gcongar Leichí dó, rith na Filistínigh chuige agus na gártha maíte á gcur suas acu; ach tháinig spiorad an Tiarna go tréan airsean, agus rinne mar a bheadh snáithe dóite lín de na téada a bhí ar a ghéaga, agus leáigh na cuibhreacha dá lámha. <sup>15</sup> Tharla cnámh géill úr asail ansiúd dó; shín sé a lámh agus rug greim air, agus leag míle fear ar lár leis. <sup>16</sup> Ansin dúirt Samsón:

“Le cnámh géill asail rinne mé iad a phleancadh,

Le cnámh géill asail rinne mé míle fear a threascairt.”

<sup>17</sup> Nuair a bhí sin ráite aige, chaith sé uaidh an chnámh, agus sin é an fáth ar tugadh Rámat Leichí (Cnoc an Chnámh Géill) ar an áit. <sup>18</sup> Bhí an-tart air, agus ghlaoigh sé ar an Tiarna agus dúirt leis: “Tusa féin a dheonaigh an fhuascailt iontach seo trí lámh do shearbhónta; an bás de thart atá i ndán dom anois agus titim isteach i lámha na muintire gan timpeallghearradh?” <sup>19</sup> Ansin chuir an Tiarna scoilt sa log sa talamh ansiúd i Leichí, agus tháinig uisce as. D’ól Samsón, d’fhill a mhisneach air, agus tháinig neart arís ann. Tugadh



Éan Hacórae ar an tobar sin dá bharrsan; tá sé ansiúd i Leichí go dtí an lá seo féin.<sup>20</sup> Bhí Samsón ina bhreitheamh in Iosrael le linn na bhFilistíneach ar feadh fiche bliain.

## Grá agus Feall

**16** Chuaigh Samsón as sin go Gaza; luigh a shúil ar striapach ansiúd agus chuaigh sé isteach chuici.<sup>2</sup> Fuair fir Ghazá an scéala: “Tá Samsón tagtha.” Thángadar timpeall na háite agus d’fhanadar i luíochán air ar feadh na hoíche go léir ag geata na cathrach. Ní raibh cor astu ar feadh na hoíche go léir, á rá leo féin: “Fanaimís go breacadh an lae; maróimid ansin é.”<sup>3</sup> D’fhan Samsón sa leaba, ámh, go meánoíche; d’éirigh sé ansin meánoíche, rug ar chomhlaí geataí na cathrach agus ar a dhá ursain, bhain dá lúdracha iad, boltaí agus uile, d’ardaigh ar a ghuailí iad, agus thug leis iad go mullach an chnoic os comhair Heabrón, [agus d’fhág ansin iad].

<sup>4</sup> Thit sé i ngrá ina dhiaidh sin le bean i nGleann Shóraec, arbh ainm di Dilíleá.<sup>5</sup> Tháinig taoisigh na bhFilistíneach chuici agus dúirt léi: “Meall é agus faigh amach cá has a dtagann an neart éachtach atá aige, agus conas a d’fhéadfaimís é a chloí agus é a chuibhriú agus a smachtú. Tabharfaidh gach duine againn aon chéad déag seicil airgid mar dhíolaíocht duit.”

<sup>6</sup> Dúirt Dilíleá le Samsón: “Inis dom, le do thoil, cá has a dtagann do neart éachtach, agus cad ba ghá le thú a chuibhriú agus thú a smachtú.”<sup>7</sup> D’fhreagair Samsón: “Dá gceanglófaí mé le seacht sreanga bogha úra nár triomaíodh, ansin chaillfinn mo neart agus bheinn mar aon fhear eile.”<sup>8</sup> Ansin thug taoisigh na bhFilistíneach chuici seacht



sreanga bogha úra nár triomaíodh agus rinne sí é a chuibhriú leo. <sup>9</sup>Bhí fir i bhfolach aici ina seomra laistigh, agus liúigh sí: “Tá na Filistínigh chugat, a Shamsón!” Ach bhris sé na sreanga bogha mar a bhrisfeadh snáithe barraigh nuair a bhaineann an tine leis. D’fhan foinse a nirt ina rún dá réir sin.

<sup>10</sup>Ansin dúirt Dilíleá le Samsón: “Bhí tú ag magadh fúm agus ag insint éithigh dom. Inis dom, le do thoil, cad ba ghá le thú a chuibhriú.” <sup>11</sup>D’fhreagair sé í: “Dá gceanglófaí mé le téada nua nár úsáideadh riamh, ansin chaillfinn mo neart, agus bheinn mar aon fhear eile.” <sup>12</sup>Ansin fuair Dilíleá téada nua agus rinne sí é a chuibhriú leo, agus liúigh sí: “Tá na Filistínigh chugat, a Shamsón!” Bhí fir i bhfolach aici ina seomra laistigh, ach bhris sé na téada a bhí ar a ghéaga mar a dhéanfadh snáth.

<sup>13</sup>Ansin dúirt Dilíleá le Samsón: “Bhí tú ag magadh fúm agus ag insint éithigh dom go dtí seo. Inis dom anois cad ba ghá le tú a chuibhriú.” Dúirt sé léi: “Dá ndéanfá seacht ndual gruaige mo chinn a fhí faoin inneach agus an biorán a shocrú go daingean, chaillfinn mo neart agus bheinn mar aon fhear eile.” <sup>14</sup>Chuir sí chun suain é, d’fhigh sí seacht ndual gruaige a chinn san inneach, dhaingnigh an biorán agus liúigh sí: “Tá na Filistínigh chugat, a Shamsón!” Dhúisigh sé as a chodladh, agus tharraing amach idir ábhar agus bhiorán.

<sup>15</sup>Dúirt Dilíleá leis: “Conas is féidir duit a rá go bhfuil grá agat dom nuair nach bhfuil iontaoibh agat asam? Rinne tú magadh fúm anois trí huaire agus níor inis tú cá has a dtagann an neart éachtach atá agat.” <sup>16</sup>Lean sí uirthi go dian lá i ndiaidh an lae lena ceisteanna chuige, gan aon sos a thabhairt dó, go dtí go raibh sé bréan go bás den scéal.

<sup>17</sup>Nocht sé a rún ar fad di faoi dheireadh; dúirt sé léi: “Níor bhain rásúr riamh le mo





cheann; is naizíreach do Dhia mé ó bhroinn mo mháthar. Dá mbearraí mo cheann, ansin chaillfinn mo neart, d'éireoinn lag, agus bheinn mar aon fhear eile.”<sup>18</sup> Thuig Dilíleá ansin go raibh a rún go léir scaoilte aige léi; chuir sí fios ar thaoisigh na bhFilistíneach agus thug an teachtaireacht seo dóibh: “Tagaigí aon turas amháin eile, mar scaoil sé a rún go léir liom.” Tháinig taoisigh na bhFilistíneach chuici agus an t-airgead ina lámha.<sup>19</sup> Chuir sí chun suain ina hucht é, agus chuir fios ar fhear agus bhearr sé na seacht ndual dá cheann. Ansin chrom sí ar spochadh as agus theip ar a chumas.<sup>20</sup> Liúigh sí: “Tá na Filistínigh chugat, a Shamsón.” Dhúisigh sé as a chodladh á cheapadh: “Brisfidh mé amach faoi mar a rinne mé cheana, agus tiocfaidh mé saor ó mo chuibhreacha.” Ní raibh a fhios aige go raibh sé tréigthe ag an Tiarna.<sup>21</sup> Ghabh na Filistínigh é, bhaineadar na súile as agus thug leo síos go Gazá é. Chuireadar slabhraí cré-umha faoi agus chaith sé an t-am ag casadh an mhuilinn sa phríosún.<sup>22</sup> An ceann gruaige a bhí bearrtha, chrom sé ar fhás arís.

<sup>23</sup> Chruinnigh taoisigh na bhFilistíneach chun íobairt mhór a o fráil dá ndia Dágón, agus chun lúcháir a dhéanamh. Dúradar:

“Thug ár ndia Samsón ár namhaid ar láimh dúinn.”

<sup>24</sup> A luaithe a chonaic an pobal a ndia, chuireadar na gártha suas ina onóir, agus mholadar é in ard a ngutha:

“Thug ár ndia ár namhaid ar láimh dúinn,

An té sin a chreach ár dtír, agus a mharaigh an oiread sin dinn.”

<sup>25</sup> Liúdar ansin le barr áthais agus dúradar: “Cuirigí fios ar Shamsón d’fhonn go ndéanfadh sé cleasa dúinn.” Cuireadh fios ar Shamsón as an bpríosún agus rinne sé cleasa dóibh. Chuireadar d’iallach air seasamh idir na colúin.<sup>26</sup> Dúirt Samsón leis an ngiolla a



raibh greim láimhe aige air: “Lig dom mo lámha a chur ar na colúin atá ag cothú an tí, chun go luífinn ina gcoinne.”<sup>27</sup> Bhí an teach lán d’fhir agus de mhná; bhí taoisigh uile na bhFilistíneach ann, agus bhí timpeall trí mhíle fear agus bean ag faire ón díon ar Shamsón ag déanamh cleas.<sup>28</sup> Ghlaoiigh Samsón ar an Tiarna agus dúirt: “A Thiarna Dia, cuimhnigh orm, impím ort; tabhair neart dom arís an uair seo amháin, a Dhia, d’fhonn go ndéanfaí díoltas ar na Filistínigh ar son cinn de mo dhá shúil.”<sup>29</sup> Rug Samsón ansin ar an dá cholún láir ar a raibh an teach ag brath, agus chuir a mheáchan go léir ina gcoinne, a dheasóg i gcoinne cinn acu agus a chiotóg i gcoinne an chinn eile.<sup>30</sup> Scread sé: “Bíodh an bás agam in éineacht leis na Filistínigh.” Sháigh sé ansin lena neart go léir agus thit an teach ar na taoisigh agus ar an muintir go léir a bhí ann. Ba mhó a mharaigh sé dá réir sin ina bhás, ná a mharaigh sé ina bheatha.<sup>31</sup> Tháinig a bhráithre agus muintir uile a athar anuas agus thugadar leo é. Thugadar aníos é agus chuireadar é idir Zorá agus Eisteáól i dtuama Mhánóach, a athair. Bhí sé ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh fiche bliain.

## Sanctóir Mhíceá

**17** In ardáin Eafraím bhí fear darbh ainm Míceáhú.<sup>2</sup> Dúirt sé lena mháthair: “An t-aon chéad déag seicil a tógadh uait agus a ndearna tú mallacht fúthu agus ar lean tú ort ina dtaobh – rud a chuala mé le mo chluasa cinn féin –<sup>3</sup> fógraím go sollúnta go ndéanfaidh mé an t-airgead seo a choisreacan de mo dheoin don Tiarna chun íomhá ghreanta (agus íol de mhíotal leáite) a dhéanamh – tá an t-airgead geal sin agamsa; mise



an té a thóg é; tugaim ar ais anois duit é.” D’fhreagair a mha. thair: “Go mbeannaí an Tiarna mo mhac!” agus thug Mi. ceá hú an t-aon chéad déag seicil ar ais di.

<sup>4</sup> Ansin thóg a mháthair an t-aon chéad déag seicil airgid agus thug sí don ghabha geal é, agus rinne seisean íomhá ghreanta (íol de mhíotal leáite) de, agus cuireadh i dteach Mhíceá hú í. <sup>5</sup> Rinne Míceá scrín di, agus éafód agus taráfaím, agus cheap sé mac leis le bheith mar shagart aige. <sup>6</sup> Sna laethanta sin ní raibh aon rí in Iosrael agus rinne gach duine mar ba rogha leis.

<sup>7</sup> Bhí ógánach as Beithil in Iúdá, de theaghlach Iúdá; Léivíteach a ba ea é, agus bhí sé ag cur faoi ansiúd mar dhuine deoranta. <sup>8</sup> D’fhág an fear seo Beithil in Iúdá ag lorg áit chónaithe. Ar a shiúlta tháinig sé go hardáin Eafraím agus go teach Mhíceá. <sup>9</sup> D’fhiafraigh Míceá de: “Cá has a dtagann tú?” D’fhreagair seisean: “Léivíteach mé as Beithil in Iúdá. Táim ag imeacht romham agus ag lorg áit ina bhféadfainn cur fúm.” <sup>10</sup> Dúirt Míceá leis: “Fan anseo liomsa; bí i d’athair agus i do shagart agam, agus tabharfaidh mé deich seicil sa bhliain duit, agus bia agus éadach,” agus thathain sé go dian ar an Léivíteach.

<sup>11</sup> D’aontaigh an Léivíteach fanacht i dteach an fhir, agus bhí an t-ógánach aige mar mhac leis féin. <sup>12</sup> Chuir Míceá an Léivíteach i mbun a chúraim; rinneadh sagart do Mhíceá den fhear óg agus d’fhan sé ina theach. <sup>13</sup> Dúirt Míceá: “Tá a fhios agam go mbeidh rath ón Tiarna orm anois mar go bhfuil an Léivíteach seo mar shagart agam.”

## Treibh Dhán

**18** San am sin ní raibh aon rí in Iosrael. Agus san am sin bhí treibh Dhán ag lorg dúiche oidhreachta le cónaí ann, mar go dtí sin ní raibh aon tailte oidhreachta



faighte acu i measc treibheanna Iosrael. <sup>2</sup>Sheol muintir Dhán cúigear laoch as a dtreibh go léir, ó Zorá go Eisteáól, chun an tír a thaiscéaladh agus a thuairisc a fháil. Dúradar leo: “Imígí agus faighigí tuairisc na tíre!” Tháinig an cúigear go hardáin Eafráim agus go teach Mhíceá agus chaitheadar an oíche ann. <sup>3</sup>Agus iad lámh le teach Mhíceá, d’aithníodar guth an Léivítigh óig; d’iompaíodar ina threo, agus dúradar leis: “Cé thug anseo thú? Cad tá tú a dhéanamh anseo? Cén gnó atá anseo agat?” <sup>4</sup>D’fhreagair sé: “Rinne Míceá a leithéid seo dom. Tugann sé tuarastal dom agus is sagart aige mé.”

<sup>5</sup>Dúradar leis ansin: “Téigh i gcomhairle leis an Tiarna, le do thoil, agus faigh amach dúinn an rithfidh linn sa turas seo ar a bhfuilimid ag triall.” <sup>6</sup>Dúirt an sagart leo: “Imígí faoi shíocháin; tá súil an Tiarna oraibh ar an turas seo.” <sup>7</sup>D’imigh an cúigear leo agus tháingadar go Láís, agus chonaiceadar go raibh muintir na háite sin ina gcónaí ansiúd gan bhuaireamh, dála na Síodónach, gan aighneas gan drochiontaoibh; nach raibh aon ní faoin spéir in easnamh orthu; go rabhadar i bhfad ó na Síodónaigh agus gan baint acu leis na [hArámaigh]. <sup>8</sup>D’fhilleadar ansin ar a ngaolta i Zorá agus in Eisteáól, agus nuair a d’fhiafraíodarsan díobh: “Cén tuairisc atá agaibh?” <sup>9</sup>d’fhreagraíodar: “Bímis inár suí! Téimis ina gcoinne mar tá an tír feicthe againn agus tá sé an-torthúil. Ach sibhse – cad ab áil libh ansin i bhur staic? Cuirigí chun bóthair gan mhoill agus gabhaigí seilbh ar an tír.

<sup>10</sup>Nuair a shroichfidh sibh é, beidh pobal gan chosaint romhaibh. Tá an dúiche fairsing; níl aon ní faoin spéir in easnamh ar an áit atá curtha faoi bhur smacht ag Dia.”

<sup>11</sup>Chuir sé chéad fear de threibh Dhán chun bóthair ó Zorá agus ó Eisteáól, agus airm chogaidh acu. <sup>12</sup>Chuadar suas agus shuíodar a longfort i gCiriát Iáraím i Iúdá. Uime sin a



thugtar Longfort Dhán mar ainm ar an áit sin ó shin. Tá sé siar ó Chiriat Iáraim.

<sup>13</sup> Chuadar as sin go hardáin Eafraim agus thángadar go teach Mhíceá.

<sup>14</sup> Ansin labhair an cúigear a chuaigh chun dúiche Láis a thaiscéaladh agus dúirt lena mbráithre: “An bhfuil fhios agaibh go bhfuil éafód agus taráfaím agus íomhá ghreanta (íol de mhíotal leáite) sna tithe seo? Déanaigí machnamh dá bhrí sin ar a bhfuil le déanamh agaibh.” <sup>15</sup> Chasadar i leataobh ansin agus chuadar go teach an Léivítigh óig in áitreabh Mhíceá, agus chuir siad a thuairisc. <sup>16</sup> Agus an sé chéad fear de threibh Dhán faoi airm chogaidh ina seasamh ag tairseach an gheata, <sup>17</sup> chuaigh an cúigear a rinne an tír a thaiscéaladh ar aghaidh isteach sa teach, thógadar leo an íomhá ghreanta, an t-éafód agus an taráfaím (agus an t-íol de mhíotal leáite); bhí an sagart idir an dá linn ina sheasamh ansiúd ar thairseach an gheata leis an sé chéad fear faoi airm chogaidh. <sup>18</sup> Nuair a chuaigh na fir úd isteach i dteach Mhíceá agus gur thógadar leo an íomhá ghreanta, an t-éafód, an taráfaím (agus an t-íol de mhíotal leáite), dúirt an sagart leo: “Cad tá ar siúl agaibh?”

<sup>19</sup> Dúradar leis: “Bí i do thost! Cuir do lámh thar do bhéal agus téanam linn, agus bí i d’athair agus i do shagart againn. An fearr duit a bheith i do shagart do theaghlach aon duine amháin, nó a bheith i do shagart do threibh agus d’fhine in Iosrael?” <sup>20</sup> Bhí áthas croí ar an sagart; thóg sé an t-éafód, an taráfaím agus an íomhá ghreanta agus d’imigh leis i lár na buíne.

<sup>21</sup> D’iompaíodar dá bhrí sin agus d’imíodar leo, agus [na mná], na miondaoine, an t-eallach, agus an chreach rompu amach acu. <sup>22</sup> Nuair a bhíodar imithe tamall ó theach Mhíceá, glaoth ar na comharsana i gcóngar theach Mhíceá, agus chuadar sa tóir ar mhuintir Dhán. <sup>23</sup> Nuair a liúdar orthu, chas muintir Dhán ar a sáil agus dúradar le Míceá:



“Cad tá ort ag teacht sa tóir orainn le dream mar seo?” <sup>24</sup>D’fhreagair sé: “Thóg sibh libh an dia a rinne mé dom féin, agus thóg sibh an sagart chomh maith. Tá sibhse ag imeacht libh, agus cad atá fágtha agamsa? Cén chaoi a bhféadfadh sibh ceist a chur: ‘Cad tá ort?’”

<sup>25</sup>D’fhreagair muintir Dhán: “Ná bíodh focal eile le clos againn uait le heagla go dtiocfadh fearg ar dhaoine leat agus tabhairt fút, agus go gcaillfí thú féin agus go gcaillfí do theaghlach uile chomh maith.” <sup>26</sup>D’imigh muintir Dhán leo ansin agus nuair a chonaic Míceá go rabhadar róthrán dó, chas sé ar a sháil agus chuaigh abhaile.

## Scrín Dhán

<sup>27</sup>Thug muintir Dhán leo an rud a rinne Míceá agus an sagart a d’fhónadh dó, agus mháirseáladar in aghaidh Láis, pobal síochánta gan drochiontaoibh. Rinneadar ár agus eirleach orthu agus chuireadar an chathair trí thine. <sup>28</sup>Ní raibh aon duine a thiocfadh i gcabhair ar an gcathair mar go raibh sí i bhfad ó Shíodón, gan aon bhaint aici leis na hArámaigh. Bhí sí sa ghleann a bhaineann le Béit Rachób. Rinneadar an chathair a atógáil agus chuireadar fúthu inti. <sup>29</sup>Thugadar Dán ar an gcathair, i gcuimhne Dhán a n-athair, mac a rugadh d’Iosrael, fág gur Láis a thugtaí ar dtús ar an gcathair. <sup>30</sup>Chuir muintir Dhán an íomhá ghreanta suas dóibh féin. Bhí Iónátán mac Ghéirseom mac Mhaois agus a chlann mhac ina sagairt ag treibh Dhán go dtí an lá inar tugadh pobal na tíre ar deoraíocht. <sup>31</sup>An íomhá ghreanta a rinne Míceá chuireadar i scrín dóibh féin í agus d’fhan sí ansiúd fad a bhí teach Dé i Sileo.



## An Choir i nGibeá agus an Cogadh le Biniáimin

**19**San am sin nuair nach raibh aon rí in Iosrael, bhí Léivíteach ag cur faoi in áit iargúlta in ardáin Eafráim. Ghlac sé bean luí chuige as Beithil in Iúdá. <sup>2</sup>Tháinig taom feirge uirthi leis agus d’imigh sí léi go teach a hathar i mBeithil in Iúdá agus d’fhan ann timpeall ceithre mhí. <sup>3</sup>Ansin chuir a fear chun bóthair chun dul ar a tuairisc, labhairt go cneasta léi agus í a thabhairt ar ais; thug sé leis a ghiolla agus dhá asal. Nuair a bhí sé ag teacht i ngar do theach athair a chéile, chonaic athair na hógmhna é, tháinig sé ina choinne le háthas. <sup>4</sup>Chuir athair a chéile, athair na hógmhna, d’iallach air fanacht fairis, agus d’fhan fairis trí lá; d’itheadar, d’óladar agus chaitheadar an oíche ann. <sup>5</sup>Ar an gceathrú lá, d’éiríodar go moch, agus d’ullmhaigh an Léivíteach chun bóthair, ach dúirt athair na hógmhna lena chliamhain: “Bíodh greim bia agat chun tú féin a neartú don bhóthar! Is féidir duit imeacht ina dhiaidh sin.” <sup>6</sup>Shuíodar síos dá bhrí sin, agus chromadar ar ithe agus ól, an bheirt acu le chéile. Dúirt athair na hógmhna lena chliamhain: “Seo, fan anocht chomh maith, le do thoil, agus bí go súgach!” <sup>7</sup>Nuair a d’éirigh seisean chun imeachta, thathain athair a chéile air arís agus chaith sé oíche eile ann. <sup>8</sup>An cúigiú maidin, d’éirigh sé go moch chun imeachta, ach dúirt athair na hógmhna leis: “Bíodh greim bia agat le tú a neartú agus fan go nóin.” Agus d’itheadar araon le chéile. <sup>9</sup>Nuair a d’éirigh an fear agus a bhean luí agus a ghiolla chun imeachta, dúirt athair a chéile, athair na hógmhna, leis: “Féach, tá sé anonn go maith sa lá agus ag druidim le tráthnóna; fan anseo anocht agus bí go súgach. Is féidir leat éirí go moch do



do thuras ar maidin amárach agus filleadh abhaile.”<sup>10</sup> Ach ní fhanfadh an fear thar oíche; d'éirigh sé agus chuir chun bóthair, agus tháinig i radharc Iabús (Iarúsailéim is é sin). Bhí dhá asal lena ndiallaití aige agus a bhean luí in éineacht leis.<sup>11</sup> Nuair a bhíodar i ngiorracht do Iabús bhí sé anonn go maith sa lá agus dúirt an giolla lena mháistir: “Téanam, casaimis i leataobh anois agus téimis isteach i gcathair seo na Iabúsach, agus caithimis an oíche inti.”<sup>12</sup> Dúirt a mháistir leis: “Ní chasfaimid i leataobh isteach i gcathair choimhthíoch, daoine nach mbaineann le pobal Iosrael, ach ar aghaidh linn go Gibeá.”

<sup>13</sup> Lean sé air ansin agus dúirt lena ghiolla: “Téimis ar aghaidh agus bainimis amach áit éigin díobhsan – Gibeá nó Rámá agus caithfimis an oíche ann.”<sup>14</sup> D'imíodar leo, dá bhrí sin, agus ar aghaidh leo ar a n-aistear. Ag druidim le Gibeá i mBiniáimin dóibh bhí an ghrian ag dul faoi.<sup>15</sup> Chuadar i leataobh ansiúd chun dul isteach an oíche a chaitheamh i nGibeá. Chuaigh an Léivíteach isteach agus shuigh i lár cearnóige poiblí na cathrach, mar nár thug aon duine bheith istigh dó ina theach chun an oíche a chaitheamh ann.

<sup>16</sup> Ach seandúine a bhí ag teacht abhaile tráthnóna óna obair sna goirt, tháinig sé an treo. B'as ardáin Eafráim dó, duine deoranta ag cur faoi i nGibeá; Biniáiminigh iad muintir na háite.<sup>17</sup> D'ardaigh sé a shúile agus chonaic an taistealaí ina shuí ansiúd i gcearnóg phoiblí na cathrach; dúirt an seandúine: “Cá bhfuil do thriall? Agus cá has ar tháinig tú?”<sup>18</sup> D'fhreagair seisean é: “Táimid ar an mbóthar ó Bheithil in Iúdá go hiargúl ardáin Eafráim, áit arb as dom. Chuas go Beithil in Iúdá, agus anois táim ag filleadh abhaile; ach níor thug aon duine cuireadh chun a thí dom,”<sup>19</sup> cé go bhfuil tuí agus foráiste againn dár n-asail, agus arán agus fíon dom féin, do do shearbhónta mná anseo, agus do ghiolla turais do shearbhóntaí; níl aon ní de dhíth orainn.”<sup>20</sup> Dúirt an seandúine ansin:





“Fáilte romhat! Féachfaidh mise chun a bhfuil uait, ach ná caith an oíche sa chearnóg.”

<sup>21</sup>Thug sé chun a thí é, agus thug bia do na hasail. Nigh na taistealaithe a gcosa, ansin d’ith agus d’ól.

<sup>22</sup>Fad a bhíodar go súgach ag béile, féach, tháinig cuid d’fhir na cathrach, scairstí, timpeall an tí; bhuaileadar ar an doras agus dúradar leis an seandúine, fear an tí: “Cuir amach an fear a tháinig isteach i do theach i dtreo go ndéanfaimis leis mar is tnúth linn.”

<sup>23</sup>Ansín chuaigh fear an tí amach chucu agus dúirt leo: “Ná déanaigí, a dhaoine muinteartha, an choir ghráiniúil sin, impím oraibh. Is aoí agam an fear seo, ná déanaigí beart chomh náireach sin. <sup>24</sup>Féach, seo maighdean iníne liom (agus a bhean luí), tabharfaidh mé amach chugaibh anois í. Déan bhur gcuid féin di agus déan mar is mian libh léi, ach ná déanaigí beart chomh náireach in aghaidh an fhir seo.” <sup>25</sup>Ní éisteadh na fir leis. Rug an Léivíteach ar a bhean luí dá bhrí sin agus chuir amach chucu í. Luíodar léi agus mhaslaíodar í ar feadh na hoíche go maidin. Le breacadh an lae scaoileadar léi.

<sup>26</sup>Leis an láchan tháinig an ógbhean agus thit ag tairseach tí an fhir lenar fhan a céile, agus bhí sí ansiúd go raibh sé ina lá geal.

<sup>27</sup>D’éirigh a fear ar maidin agus d’oscail doras an tí; ag teacht amach dó le leanúint ar aghaidh ar a aistear, féach! ba shiúd í a bhean luí caite ansiúd ag doras an tí agus a lámha ar an tairseach. <sup>28</sup>Dúirt sé léi: “Bí i do sheasamh, ní foláir dúinn imeacht,” ach freagra ní bhfuair sé. Ansin d’ardaigh sé ar dhroim a asail í, agus chuir chun bóthair abhaile. <sup>29</sup>Nuair a shroich sé a theach, fuair sé scian, rug ar a bhean luí agus roinn í, ball ar bhall, ina dhá chuid déag; ansin scaip sé í ar fud críocha uile Iosrael. <sup>30</sup>[Thug sé na treoracha seo dá theachtairí: “Seo mar a déarfaidh sibh leis na hIosraelaigh go léir: ‘Ar tharla nó an bhfaca



aon duine riamh a leithéid sin ón lá a tháinig clann Iosrael amach as tír na hÉigipte go dtí an lá seo féin? Machnaíghí air, téigh i gcomhairle faoi, agus tugaighí bhur mbreith.”] Gach duine a chonaic, dúradar: “Ní dhearnadh ná ní fhacthas riamh a leithéid ó tháinig clann Iosrael amach as tír na hÉigipte.”

## Díoltas

**20**Thionóil clann Iosrael go léir ó Dhán go Béar Seaba, agus tír Ghileád, agus chruinnigh an chuallacht go léir mar aon chun an Tiarna i Mizpeá. <sup>2</sup>Taoisigh an phobail ar fad, agus treibheanna Iosrael go léir, ceithre chéad míle troitheach a láimhseálfadh claíomh, tháingadar chun an tionóil seo de phobal Dé. <sup>3</sup>(Chuala clann Bhiniáimin go raibh pobal Iosrael imithe suas go Mizpeá.) Dúirt pobal Iosrael: “Inis dúinn conas a rinneadh an choir seo.” <sup>4</sup>D’fhreagair an Léivíteach, fear na mná a maraíodh, agus dúirt leo: “Tháinig mé féin agus mo bhean luí go Gibeá, a bhaineann le Biniáimin, chun an oíche a chaitheamh ann. <sup>5</sup>D’éirigh fir Ghibeá i mo choinne; thimpeallaíodar an teach ina raibh mé san oíche; bhí fonn mo mharaithe orthu, agus d’éigníodar mo bhean luí agus fuair sí bás. <sup>6</sup>Thug mé liom mo bhean luí ansin agus ghearr ina piosaí í agus chuir í ar fud fearann oidhreachta Iosrael go léir, mar go bhfuil coir ghrainiúil náireach déanta ag na fir úd in Iosrael. <sup>7</sup>Sibhse go léir cruinnithe anseo, a phobal Iosrael, tugaighí bhur mbreith agus cinnighí bhur gcomhairle ar an toirt.” <sup>8</sup>D’éirigh an pobal go léir ina seasamh le chéile agus dúradar: “Ní rachaidh aon duine againn ar ais go dtí a bhoth, ná ní fhillfidh aon duine againn ar a bhaile. <sup>9</sup>Mar seo a dhéanfaimid le



Gibeá: Beidh crannchur againn ina thaobh; <sup>10</sup>toghfaimid deichniúr as gach céad as gach treibh d'Iosrael, agus céad as gach míle, agus míle as gach deich míle, chun lón a sholáthar don phobal, [dóibh siúd a rachaidh agus] díoltas a imirt ar Ghibeá le Biniáimin ar son na coire náirí go léir a rinneadar in Iosrael.” <sup>11</sup>Tháinig fir Iosrael go léir le chéile bonn ar bhonn i gcoinne na cathrach sin.

<sup>12</sup>Chuir treibheanna Iosrael teachtairí ar fud treibh uile Bhiniáimin á rá: “Cad é an choir í seo atá déanta in bhur measc? <sup>13</sup>Tugaigí suas na fir úd, na scairstí i nGibeá, d'fhonn go gcuirfimis chun báis iad, agus an t-olc a dhíbirt as Iosrael.” Ach ní éisteadh muintir Bhiniáimin le glór a mbráithre, clann Iosrael. <sup>14</sup>Chruinnigh na Biniáiminigh le chéile as a gcathracha go Gibeá chun catha a chur ar chlann Iosrael. <sup>15</sup>Thionóil na Biniáiminigh as a gcathracha ar an lá sin, fiche sé míle duine a láimhseálfadh claíomh, seachas áitritheoirí Ghibeá (a chruinnigh seacht gcéad laoch tofa). <sup>16</sup>Bhí orthusan seacht gcéad laoch, ar comhdheas acu deas agus clé, a bhféadfadh gach fear díobh cloch a chaitheamh as a chrann tabhaill le ribe gan iomrall. <sup>17</sup>Ba é líon chlann Iosrael a thionóil, seachas Biniáimin, ceithre chéad míle fear a láimhseálfadh claíomh; trodairí le taithí iad go léir. <sup>18</sup>Chuireadar chun bóthair agus chuadar go Béitéil chun dul i gcomhairle le Dia; chuir clann Iosrael an cheist: “Cé acu dinn ar chóir dó dul suas ar dtús agus na Biniáiminigh a ionsaí?” D'fhreagair an Tiarna: “Téadh Iúdá suas ar dtús.”

<sup>19</sup>Ghabh clann Iosrael amach ar maidin agus shuíodar a gcampa os comhair Ghibeá. <sup>20</sup>Chuaigh slua Iosrael ar aghaidh ansin le cath a chur ar Bhiniáimin, agus chóiríodar iad féin in eagar ina gcoinne láimh le Gibeá. <sup>21</sup>Rinne clann Bhiniáimin ruathar ó Ghibeá agus leag ar lár dhá mhíle fichead de shlua Iosrael an lá sin. <sup>22</sup>D'imigh clann Iosrael agus rinne



olagón i bhfianaise an Tiarna go tráthnóna; ansin chuaigh siad i gcomhairle leis an Tiarna; d'fhiafraíodar: “An rachaimid chun cogaidh arís le clann ár ndearthár, Biniáimin?” D'fhreagair an Tiarna: “Téigí ar aghaidh ina gcoinne.”<sup>23</sup> Tháinig misneach arís chun arm Iosrael agus chóiríodar iad féin in eagar arís san áit chéanna ina ndearnadar an lá roimhe sin.<sup>24</sup> Thug clann Iosrael fogha faoi chlann Bhiniáimin an dara lá; <sup>25</sup> ach thug Biniáimin ruathar fúthu as Gibeá arís an dara lá agus leag ar lár ocht míle déag de chlann Iosrael; ba throdairí le taithí ar chlaíomh a láimhseáil na fir sin go léir.<sup>26</sup> Ansin ghabh clann Iosrael go léir, an t-arm ar fad, suas go Béitéil agus rinneadar olagón. Shuíodar ansiúd i bhfianaise an Tiarna agus rinneadar troscadh ar feadh an lae go léir go tráthnóna agus d'ofráladar íobairtí uileloiscthe agus íobairtí comaoineach i bhfianaise an Tiarna.<sup>27</sup> Ansin chuaigh clann Iosrael i gcomhairle leis an Tiarna. Bhí áirc chonradh Dé ansiúd an t-am sin,<sup>28</sup> agus bhí Píneachás mac Eileázár, mac Árón, ag fónamh di an uair sin. D'fhiafraíodar: “Ar chóir dúinn dul chun catha arís in aghaidh ar mbráithre, clann Bhiniáimin, nó gan dul?” D'fhreagair an Tiarna: “Téigh ina gcoinne; óir tabharfaidh mé an lámh uachtair duit orthu amárach.”

## Scríostar Biniáimin

<sup>29</sup> Chuir Iosrael fir i luíochán timpeall ar Ghibeá. <sup>30</sup> Ar an tríú lá ghluais clann Iosrael in aghaidh chlann Bhiniáimin, agus chóiríodar iad féin in eagar os comhair Ghibeá dála na n-uaireanta eile. <sup>31</sup> Rinne clann Bhiniáimin ruathar in aghaidh an tslua agus mealladh ón gcathair iad. Chromadar ansin ar chuid den mhuintir a bhí ar na bóithre suas go Béitéil



agus go Gibeón a threascairt agus a mharú dála na n-uaireanta eile; mharaíodar ansiúd, amuigh faoin tuath, timpeall deichniúr ar fhichid d’arm Iosrael. <sup>32</sup>Dúirt clann Bhiniáimin leo féin: “Tá siad ag imeacht ina raon madhma romhainn, mar a rinneadar cheana.” Ach sé dúirt arm Iosrael: “Teithimis rompu, agus meallaimis ón gcathair iad ar feadh na mbóithre. <sup>33</sup>Ansin fágfaidh arm Iosrael a láithreacha agus cóireoidh siad iad féin in eagar catha ag Bál Támár; idir an dá linn, déanfaidh na hIosraelaigh atá i luíochán lastiar de Gheaba ruathar.” <sup>34</sup>Deich míle fear, tofa as Iosrael go léir, d’ionsaíodar Gibeá, agus ba dhian é an cath a fearadh. Ní raibh a fhios ag clann Bhiniáimin cén tubaiste a bhí ag bagairt orthu. <sup>35</sup>Chuir an Tiarna Biniáimin i raon madhma roimh Iosrael, agus ar an lá sin mharaigh clann Iosrael fiche cúig mhíle agus céad fear de Bhiniáimin; fir a d’fhéad claíomh a láimhseáil iad go léir. <sup>36</sup>Thuig clann Bhiniáimin ansin go raibh buaite orthu.

Chuaigh arm Iosrael ar gcúl roimh Bhiniáimin mar go raibh muinín acu as an dream a bhí curtha i luíochán acu in aghaidh Ghibeá. <sup>37</sup>Bhrúcht an lucht luíocháin amach go tapa, agus thugadar faoi Ghibeá, agus d’imríodar faobhar claímh ar lucht na cathrach go léir.

<sup>38</sup>Ba é an comhartha a bhí socair idir arm Iosrael agus an lucht luíocháin, go gcuirfidís scamall mór deataigh suas ón gcathair, <sup>39</sup>agus go gcasfadh clann Iosrael a bheadh i lár an chatha ar a sála. Thosaigh Biniáimin ar dtús le timpeall deichniúr ar fhichid de chlann Iosrael a mharú; dúradar leo féin: “Tá siad ag imeacht ina raon madhma romhainn mar a rinneadar cheana, tá siad sin.” <sup>40</sup>Ach nuair a thosaigh an comhartha, an scamall deataigh, ag éirí ón gcathair, d’fhéach Biniáimin siar agus chonaic siad an chathair ar fad ag dul in airde mar uileloscadh chun na bhflaitheas. <sup>41</sup>Ansin chas arm Iosrael ar a sála agus thit an



lug ar an lag ag arm Bhiniáimin, mar chonaiceadar go raibh an tubaiste sa mhullach orthu.

<sup>42</sup>Chúlaíodar os comhair arm Iosrael agus thugadar aghaidh ar an bhfásach, ach chuaigh an t-arm sa tóir orthu; tháinig an dream eile as an gcathair agus thug fúthu gan choinne agus rinne ár orthu i leith a gcúil. <sup>43</sup>Thimpeallaíodar Biniáimin; rinneadar tóir gan taise gan trócaire orthu, agus bhascadar iad lastoir os comhair Gheaba. <sup>44</sup>Thit ocht míle dhéag de Bhiniáimin, laochra cróga iad uile. <sup>45</sup>Chas an fuílleach agus theitheadar i dtreo an fhásaigh agus Charraig Rimeon. Treascraíodh cúig mhíle fear díobh ar na bóithre, agus ansin cuireadh tóir orthu go Geaba agus maraíodh dhá mhíle díobh. <sup>46</sup>Maraíodh ar fad an lá úd fiche cúig mhíle fear de Bhiniáimin a d'fhéadfadh claíomh a láimhseáil, laochra cróga iad uile. <sup>47</sup>Ach d'éalaigh sé chéad fear chun an fhásaigh, go Carraig Rimeon, agus d'fhanadar ansiúd ar feadh ceithre mhí. <sup>48</sup>D'fhill fir Iosrael agus thug faoi chlann Bhiniáimin arís agus d'imir faobhar claímh orthu, idir fhear agus ainmhí, agus gach a bhfuairadar; cuireadar gach baile dar ghabhadar i mBiniáimin trí thine.

## Biniáimin á dTarrtháil

**21** Thug fir Iosrael an mionn seo i Mizpeá: “Ní tabharfaidh aon duine againn a iníon le pósadh do Bhiniáimin.” <sup>2</sup>Chuaigh an pobal go Béitéil agus d'fhan ann go tráthnóna, ina suí i láthair Dé ag osnaíl agus ag gol go géar. <sup>3</sup>Dúradar: “A Thiarna, a Dhia Iosrael, cén fáth a mbeadh sé i ndán d'Iosrael ceann dá threibheanna a chailleadh inniu?” <sup>4</sup>Lá arna mhárach, d'éirigh an pobal go moch agus thógadar altóir ann, agus



d’ofráladar íobairtí uileloiscthe agus íobairtí comaoineach. <sup>5</sup>Dúirt clann Iosrael ansin: “Cé acu de threibheanna Iosrael go léir nár tháinig aníos chun an tionóil i láthair an Tiarna?” Óir bhí an mionn sollúnta tugtha acu ag bagairt báis ar aon duine nach dtiocfadh aníos i láthair an Tiarna i Mizpeá. <sup>6</sup>Bhí trua ag clann Iosrael do Bhiniáimin a mbráthair agus dúradar: “Tá treibh gearrtha chun siúil d’Iosrael inniu. <sup>7</sup>Conas a gheobhaimid mná dá bhfuil fágtha díobh, mar thugamar mionn dar an Tiarna nach dtabharfaimid aon duine dár n-iníonacha féin dóibh le pósadh?”

<sup>8</sup>Ansin chuireadar an cheist: “Cé acu de threibheanna Iosrael nár tháinig i láthair an Tiarna i Mizpeá?” Agus féach! níor tháinig aon duine as Iáibéis Gileád chun an longfoirt don tionól, <sup>9</sup>mar nuair a ríomhadh an pobal ní raibh duine de lucht áitribh Iáibéis Gileád ann. <sup>10</sup>Ansin sheol an comhthionól dhá mhíle déag dá dtogha gaiscíoch ann, agus d’ordaigh dóibh: “Imígí agus déanaigí ár agus eirleach ar lucht áitribh Iáibéis Gileád, mná agus leanaí agus uile. <sup>11</sup>Seo mar a chaithfidh sibh a dhéanamh: Cuirigí na fir go léir agus gach bean a luigh le fear faoin mbang, [ach déanaigí anacal ar na maighdeana.” Rinneadar mar a ordáíodh dóibh.] <sup>12</sup>Fuaireadar ceithre chéad maighdean óg nár aithin agus nár luigh le fear i measc lucht áitribh Iáibéis Gileád; thugadar iad go dtí an longfort i Sileo atá i dtír Chanán. <sup>13</sup>Ansin chuir an comhthionól go léir teachtairí le tairiscint síochána chun clann Bhiniáimin a bhí ag Carraig Rimeon. <sup>14</sup>D’fhill Biniáimin an uair sin agus thugadar dóibh na mná ó Iáibéis Gileád ar a ndearnadh anacal; ach ní raibh a ndóthain go léir ann. <sup>15</sup>Bhí trua ag an bpobal do Bhiniáimin mar go raibh bearna briste ag an Tiarna i dtreibheanna Iosrael. <sup>16</sup>Ansin dúirt seanóirí an chomhthionóil: “Conas a gheobhaimid mná dá bhfuil fágtha ó tá mná Bhiniáimin scriosta?” <sup>17</sup>Agus dúradar: “Conas a chaomhnóimid [iarmhar]



do Bhiniáimin d'fhonn nach scriosfaí treibh as Iosrael? <sup>18</sup>Ní féidir dúinn féin ár n-iníonacha a thabhairt dóibh le pósadh.” Óir bhí an mionn seo tugtha ag clann Iosrael: “Go raibh mallacht ar aon duine a thabharfaidh bean do Bhiniáimin.” <sup>19</sup>“Ach, féach!” ar siad, “tá féile leis an Tiarna a chomórtar gach bliain i Sileo.” (Tá an baile seo lastuaidh de Bhéiteil, soir ón mórbhóthar a ghabhann ó Bhéiteil go Seicim, agus ó dheas ó Labóná.) <sup>20</sup>Sé treoir a thugadar do chlann Bhiniáimin: “Téigí i luíochán sna fíonghoirt <sup>21</sup> agus déanaigí faire; nuair a thiofadh iníonacha Shileo amach chun rince ina mbaiclí le chéile, tagaigí sibhse amach chomh maith as na fíonghoirt agus sciobadh gach duine agaibh bean dó féin as iníonacha Shileo agus imíodh gach duine go tír Bhiniáimin. <sup>22</sup>Má thagann a n-aithreacha nó a ndeartháireacha chugainn le gearán, déarfaimid leo: ‘Maithigí dóibh, [mar thóg gach fear] díobh bean mar a dhéanann daoine i gcogadh; dá dtabharfadh sibh féin mná dóibh, bhrisfeadh sibh bhur mionn agus bheadh coir déanta agaibh.’” <sup>23</sup>Rinne clann Bhiniáimin amhlaidh; thoghadar bean an duine as na rinceoirí a d’fhuadaíodar; ansin chuireadar chun bóthair, d’fhilleadar ar a n-oidhreacht, thógadar a mbailte arís, agus chuireadar fúthu iontu.

<sup>24</sup>D’imigh clann Iosrael leo as an áit ansin, gach duine ar ais chun a threibhe agus a fhine féin; d’fhill gach duine ó Shileo ar a oidhreacht féin.

<sup>25</sup>Sna laethanta úd ní raibh aon rí in Iosrael agus rinne gach fear mar ab áil leis féin.

